Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2024/0098(COD)

25.02.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir)
(COM(2024)0183 – C10-0006/2024 – 2024/0098(COD))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Željana Zovko

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le cló trom iodálach agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 95

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR 97

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú CGIM (An Coimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir)
(COM(2024)0183 – C10-0006/2024 – 2024/0098(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2024)0183),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0006/2024),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2024),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Ag a sheisiún bliantúil in 2021,	(7) Ag a Sheisiún Bliantúil in 2021,

[1] IO C, C/2024/6023, 23.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6023/oj.

ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/2 maidir le bunú limistéir shrianta iascaigh in Jabuka/Pomo Pit i Muir Aidriad, lena leasaítear Moladh CGIM/41/2017/3 agus Moladh CGIM/44/2021/5 maidir le bunú limistéir shrianta iascaigh i Murascaill an Leoin chun comhbhailiúcháin d'éisc sceite agus gnáthóga íogaire domhainfharraige a chosaint, lena n-aisghairtear Moladh CGIM/33/2009/1.	ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/2 maidir le bunú limistéir shrianta iascaigh in ***Jabuka/Pomo Pit*** i Muir Aidriad, lenar leasaíodh Moladh CGIM/41/2017/3.

Or. en

Réasúnú

Scriosadh chun mearbhall ar léitheoirí a sheachaint toisc gur aisghaireadh CGIM/44/2021/5 le CGIM/46/2023/1

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/13 freisin maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le héanlaithe mara sa Mheánmhuir a chaomhnú, Moladh CGIM/44/2021/14 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le turtair mhara a chaomhnú, Moladh CGIM/44/2021/15 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le céiticigh a chaomhnú agus Moladh CGIM/44/2021/16 maidir le bearta maolúcháin breise i dtaca le healásmabrainciaigh sa Mheánmhuir a chaomhnú.	(9) Ag a sheisiún bliantúil in 2021, ghlac CGIM Moladh CGIM/44/2021/14 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le turtair mhara a chaomhnú, Moladh CGIM/44/2021/15 maidir le maolú ar thionchair iascach i dtaca le céiticigh a chaomhnú agus Moladh CGIM/44/2021/16 maidir le bearta maolúcháin breise i dtaca le healásmabrainciaigh sa Mheánmhuir a chaomhnú.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/1 freisin maidir le limistéar srianta iascaigh a bhunú i Murascaill an Leoin (folimistéar geografach 7) chun comhbhailiúcháin sceite agus gnáthóga íogaire domhainfharraige a chosaint, lena n-aisghairtear Moladh

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/1 aisghaireadh Moladh CGIM/44/2021/5

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23b) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/2 freisin maidir le sainmhíniú ar íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga i gCaolas na Sicile (folimistéir gheografacha 12 go 16).

Or. en

Réasúnú

Réasúnú: Moladh CGIM/46/2023/2

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23c) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/3 freisin maidir le sainmhíniú ar íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga sa Mhuir Iónach (folimistéir gheografacha 19 go 21).

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/3

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23d) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/4 freisin maidir le sainmhíniú ar íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh séaclaí móra dearga agus séaclaí gorma agus dearga i Muir na Leiveainte (folimistéir gheografacha 24 go 27).

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/4

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 e (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23e) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/5 freisin maidir le síneadh a chur leis an gcóras iascaireachta idirthréimhseach agus teorainneacha gabhála a bhunú in 2024 le haghaidh stoic pheiligeacha bheaga i Muir Aidriad (folimistéir gheografacha 17 agus 18), a eascraíonn as Moladh CGIM/44/2021/20.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/5

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 f (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23f) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/6 freisin maidir le córas iarrachta iascaireachta a chur chun feidhme in 2024 le haghaidh príomhstoic ghrinnill i Muir Aidriad (folimistéir gheografacha 17 agus 18), ag eascairt as Moladh CGIM/43/2019/5.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/6

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 g (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23g) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/7 freisin maidir le síneadh a chur leis an bplean bainistíochta ilbhliantúil i ndáil le hiascaigh turbard sa Mhuir Dhubh (folimistéar geografach 29), lena leasaítear Moladh CGIM/41/2017/4.

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/7 leasaíodh Moladh CGIM/41/2017/4.

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23h) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/11 freisin maidir le maolú ar dhíghrádú deilfeanna bolgshrónacha in iascaigh pheiligeacha bheaga i Muir Alboran theas (folimistéar geografach 3).

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/11

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 i (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23i) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/12

freisin maidir le plean bainistíochta réigiúnach maidir le hacmhainneacht iascaireachta a bhunú.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/12

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 j (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23j) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/14 freisin lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil maidir le saothrú inbhuanaithe an dorád coiteann sa Mheánmhuir, lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/30/2006/2, CGIM/43/2019/1 agus CGIM/44/2021/11.

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/14 aisghaireadh Moltaí CGIM/30/2006/2, CGIM/43/2019/1 agus CGIM44/2021/11.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 k (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23k) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/15 freisin maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh deargán i Muir Alboran (folimistéir gheografacha 1 go

3), lena leasaítear Moladh CGIM/45/2022/3.

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/15 leasaíodh Moladh CGIM/45/2022/3

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 l (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23l) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/16 freisin maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil don eascann Eorpach sa Mheánmhuir, lena n-aisghairtear Moltaí CGIM/42/2018/1 agus CGIM/45/2022/1.

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/16 maidir le plean bainistíochta fadtéarmach don eascann Eorpach sa Mheánmhuir, aisghaireadh Moltaí CGIM/45/2022/1 agus CGIM/42/2018/1.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 m (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23m) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/17 freisin maidir le scéim cigireachta agus faireachais chomhpháirteach idirnáisiúnta le haghaidh iascaigh dorád coiteann lasmuigh d'uiscí atá faoi dhlínse náisiúnta sa Mheánmhuir.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/17

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 n (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23n) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/18 freisin maidir le scéim cigireachta agus faireachais chomhpháirteach idirnáisiúnta lasmuigh d'uiscí atá faoi dhlínse náisiúnta i Muir Aidriad (folimistéir gheografacha 17 agus 18).

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/18

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 o (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23o) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/19 freisin maidir le scéim doiciméadaithe um ghabháil gabhála a bhunú i ndáil le coiréalach dearg sa Mheánmhuir.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/19

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 k (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23p) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/20 freisin maidir le scéim doiciméadaithe um ghabháil a bhunú le haghaidh turbard sa Mhuir Dhubh (folimistéar geografach 29).

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/20

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris -Q (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23q) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/21 freisin maidir le hamharc soithí, lena leasaítear Moladh CGIM/44/2021/21.

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/21 leasaíodh CGIM/44/2021/21

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23-R (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23r) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/22 freisin maidir le sceideal CGIM lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna comhlíontachta agus ar ghníomhaíochtaí comhfhreagracha, lena n-aisghairtear Rúin CGIM/44/2021/13 agus CGIM/43/2019/5.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/22

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23-S (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23s) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/23 freisin lena soiléirítear cur i bhfeidhm na moltaí maidir le comhlíonadh agus lena mbunaítear fardal comhlíontachta agus acmhainneachta chun tacú le hobair an Choiste um Chomhlíonadh.

Or. en

Réasúnú

Moladh CGIM/46/2023/23

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 t (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23t) Ag a sheisiún bliantúil in 2023, ghlac CGIM Moladh CGIM/46/2023/24 freisin maidir le bunú liosta soithí a thoimhdítear ina leith go ndearna siad iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte, lena leasaítear Moladh CGIM/44/2021/19.

Or. en

Réasúnú

Le Moladh CGIM/46/2023/24 leasaíodh Moladh CGIM/44/2021/19

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 3 – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ciallaíonn “deimhniú gabhála” doiciméad oifigiúil a ghabhann le coinsíneacht agus atá bailíochtaithe ag an údarás inniúil, lena gceadaítear faisnéis chruinn infhíoraithe a chur ar aghaidh a bhaineann le héisc ar fud an tslabhra soláthair;	(11) Ciallaíonn “deimhniú gabhála” doiciméad oifigiúil a ghabhann le coinsíneacht agus atá bailíochtaithe ag an údarás inniúil, lena gceadaítear faisnéis chruinn infhíoraithe a chur ar aghaidh a bhaineann le ***táirgí iascaigh*** ar fud an tslabhra soláthair;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 3 – pointe 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Ciallaíonn “scéim doiciméadaithe um ghabháil” nó “CDS” córas a bunaíodh i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha, a bhfuil sé de phríomhchuspóir aige cuidiú le cinneadh a dhéanamh, ar fud an tslabhra soláthair, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an t-iasc de thionscnamh gabhálacha atá i gcomhréir le bearta caomhnúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta is infheidhme.’	(12) Ciallaíonn “scéim doiciméadaithe um ghabháil” nó “CDS” córas a bunaíodh i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha, a bhfuil sé de phríomhchuspóir aige cuidiú le cinneadh a dhéanamh, ar fud an tslabhra soláthair, maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an ***táirge iascaigh*** de thionscnamh gabhálacha atá i gcomhréir le bearta caomhnúcháin náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta is infheidhme.’

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 4 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta ina ngabhtar an eascann Eorpach (Anguilla anguilla), is é sin iascaigh spriocdhírithe, theagmhasacha agus áineasa, in uiscí uile na Meánmhara dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear fionnuiscí agus uiscí trasdultacha agus goirt, amhail murlaigh agus inbhir.’	Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach gníomhaíocht iascaireachta ina ngabhtar an eascann Eorpach (Anguilla anguilla), is é sin iascaigh spriocdhírithe, theagmhasacha agus áineasa, in uiscí uile na Meánmhara dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I, lena n-áirítear uiscí trasdultacha agus goirt, amhail murlaigh agus inbhir.’

Or. en

Réasúnú

Ní mheastar gur cuid d’aon limistéar muirí iad fionnuiscí, toisc nach uiscí farraige iad. Dá bhrí sin, ní mheastar gur “acmhainn bhitheolaíoch mhuirí” é an stoc a chónaíonn in bhfionnuiscí. Sháraigh CGIM a údarás rialála trí mholadh a ghlacadh a théann thar raon feidhme geografach CGIM. I gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, ní chuirtear iallach ar an Aontas moladh CGIM a bhaineann le hiascaigh fionnuisce a thrasuí.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) in Airteagal 12, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:
	"***4. Bunóidh na Ballstáit córas inrianaitheachta maidir le tabhairt i dtír, díolacháin agus onnmhairí lena bhféadfar na gabhálacha a rianú ón bpointe tabhairt i dtír údaraithe go dtí an ceann scríbe deiridh, bíodh na heiseamail á ndíol beo, marbh nó claochlaithe.***
	5. Déanfaidh na Ballstáit liosta hallaí ceantála, comhlachtaí nó daoine atá údaraithe chun an chéad mhargú a dhéanamh ar an eascann Eorpach a choinneáil ar bun agus a choimeád cothrom le dáta.'

Or. en

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/16

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 12a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 12a	Airteagal 12a
Iascach áineasa	***Bailiú sonraí***
Áiritheoidh na Ballstáit go dtoirmisctear iascaireacht áineasa ar eascanna Eorpacha (gloine, buí, geala) ag gach	***1. I gcás inarb eol go bhfuil iascaireacht NNN ann, déanfar na sonraí atá ar fáil, lena n-áirítear meastacháin, a***

céim dá saolré i ngach gnáthóg.'	***tharchur chuig Rúnaíocht CGIM freisin.***
	2. Cuirfidh na Ballstáit sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí ramhraithe in iúl do Rúnaíocht CGIM, i gcomhréir leis na sprioc-amanna a leagtar síos i Moladh CGIM/41/2017/1 maidir le sonraí agus faisnéis dobharshaothraithe a thuairisciú lena n-aisghairtear Moladh CGIM/35/2011/6.
	3. Féadfaidh na Ballstáit aon fhaisnéis bhreise a tharchur chuig Rúnaíocht CGIM ar bhonn deonach freisin, más féidir, tráth nach déanaí ná an seachtú seisiún is daichead de CGIM.

Or. en

Réasúnú

Aisghaireadh CGIM/45/2022/1 le CGIM/46/2023/16

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2023/2124
Airteagal 14 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 14 a	Airteagal 14 a
Bearta bainistithe cabhlach	Bearta bainistithe cabhlach
Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh nó iarracht iascaireachta na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar phríomhstoic i dtéarmaí olltonnáiste (GT) agus/nó olltonnáiste cláraithe (GRT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, thar an líon soithí nó an iarracht iascaireachta le haghaidh trálaeir otair a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí domhainmhara le linn na mblianta 2014-	Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh nó iarracht iascaireachta na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar phríomhstoic i dtéarmaí olltonnáiste (GT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, thar an líon soithí nó an iarracht iascaireachta le haghaidh trálaeir otair a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí domhainmhara le linn na mblianta 2014-2017 nó thar thréimhse 3 bliana as a chéile amhail 2015-

2017 nó thar thréimhse 3 bliana as a chéile amhail 2015-2018 ar choinníoll nach féidir an méadú a bheith níos mó ná 50 % i leith tréimhse thagartha 2014-2017.’;	2018 ar choinníoll nach féidir an méadú a bheith níos mó ná 50 % i leith tréimhse thagartha 2014-2017.’;

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/12

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Trálaeir ghrinnill atá spriocdhírithe ar chomhbhailiúcháin sceite de shéaclaí dearga domhainmhara, stopfaidh siad d’iascaireacht a dhéanamh ar feadh 30 lá as a chéile idir mí an Mhárta agus mí na Nollag.	1. Trálaeir ghrinnill atá spriocdhírithe ar chomhbhailiúcháin sceite de shéaclaí ***móra*** dearga domhainmhara ***agus de shéaclaí gorma agus dearga (‘séaclaí dearga domhainmhara’)***, stopfaidh siad d’iascaireacht a dhéanamh ar feadh 30 lá as a chéile idir mí an Mhárta agus mí na Nollag.

Or. en

Réasúnú

GFCM/45/2022/7

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 20 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Go dtí an 8 Eanáir 2026, féadfaidh na Ballstáit soithí is lú ná 15 mhéadar a	Go dtí an 8 Eanáir 2026, féadfaidh na Ballstáit soithí is lú ná 15 mhéadar a

cheadú maolú ar an gcéad mhír má oibríonn siad go heisiach laistigh d'fharraigí teorann an Bhallstáit nó/agus mura mbíonn siad riamh níos mó ná 24 uair an chloig ar muir ón am imeachta go dtí filleadh ar an gcalafort.	cheadú maolú ar an gcéad mhír má oibríonn siad go heisiach laistigh d'***uiscí atá laistigh de na teorainneacha forimeallacha*** d'fharraigí teorann an Bhallstáit nó/agus mura mbíonn siad riamh níos mó ná 24 uair an chloig ar muir ón am imeachta go dtí filleadh ar an gcalafort.

Or. en

Réasúnú

Leis an bhforáil sin, ceadaítear do stáit soithí a dhéanann iascaireacht go heisiach san fharraige theorann a dhíolmhú ó cheanglais rialaithe VMS. Is é an réasúnaíocht atá leis sin gur féidir soithí a oibríonn gar don chladach ar thurais ghearra a dhíolmhú ó cheanglais rialaithe áirithe. I roinnt Ballstát déantar gníomhaíochtaí iascaireachta freisin in uiscí inmheánacha níos gaire don chladach, ag brath ar an áit a dtarraingítear bonnlínte na farraige teorann. Sna cásanna sin, níor cheart go mbeadh sé amhlaidh nach mbeidh díolmhaithe ó cheanglais VMS ach soithí a oibríonn laistigh den fharraige theorann, fad is nach mbeidh soithí atá níos cóngaraí do líne an chladaigh. Cuimsítear leis an bhfoclaíocht nua atá beartaithe uiscí inmheánacha agus an fharraige theorann araon.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 20 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tuairisceoidh na Ballstáit láithreach don Choimisiún na maoluithe a deonaíodh i gcomhréir le hAirteagal 9(5) de Rialachán 1224/2009 chomh maith leis na modhanna rialaithe eile a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar na soithí sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.	Tuairisceoidh na Ballstáit na maoluithe láithreach don Choimisiún chomh maith leis na modhanna rialaithe eile a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar na soithí sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2023/2124
Airteagal 23 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 23 a	Airteagal 23a
Bearta bainistithe cabhlach	Bearta bainistithe cabhlach
Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta fhoriomlán i dtéarmaí olltonnáiste (GT) agus/nó olltonnáiste cláraithe (GRT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, thar an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta le haghaidh trálaeir otair a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí domhainmhara sa bhliain 2019.	Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh acmhainneacht iomlán cabhlaigh ***na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill a bhíonn ag iascaireacht go gníomhach le haghaidh príomhstoc***, i dtéarmaí olltonnáiste (GT), cumhacht innill (kW) agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, acmhainneacht an chabhlaigh, thar an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta le haghaidh trálaeir otair a dhéanann iascaireacht ar shéaclaí domhainmhara sa bhliain 2019.

Or. en

Réasúnú

CGIM/45/2022/7

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 16
Rialachán (AE) 2023/2124
Airteagal 29 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Go dtí an 8 Eanáir 2026, féadfaidh na Ballstáit maolú a dheonú ar shoithí is lú ná 15 mhéadar ar an riail sa chéad mhír má oibríonn siad go heisiach laistigh d'fharraigí teorann an Bhallstáit sin nó mura mbíonn siad riamh níos mó ná	Go dtí an 8 Eanáir 2026, féadfaidh na Ballstáit maolú a dheonú ar shoithí is lú ná 15 mhéadar ar an riail sa chéad mhír má oibríonn siad go heisiach laistigh ***d'uiscí atá laistigh de na teorainneacha forimeallacha*** d'fharraigí teorann an

24 uair an chloig ar muir ón am imeachta go dtí filleadh ar an gcalafort. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.	Bhallstáit sin nó mura mbíonn siad riamh níos mó ná 24 uair an chloig ar muir ón am imeachta go dtí filleadh ar an gcalafort. Tuairisceoidh na Ballstáit na maoluithe láithreach don Choimisiún chomh maith leis na modhanna rialaithe eile a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar na soithí sin. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.

Or. en

Réasúnú

Leis an bhforáil sin ceadaítear do stáit soithí a dhéanann iascaireacht go heisiach san fharraige theorann a dhíolmhú ó cheanglais rialaithe VMS (Córas um Fhaireachán Soithí). Is é an réasúnaíocht atá leis sin gur féidir soithí a oibríonn gar don chladach ar thurais ghearra a dhíolmhú ó cheanglais rialaithe áirithe. I roinnt Ballstát déantar gníomhaíochtaí iascaireachta freisin in uiscí inmheánacha níos gaire don chladach, ag brath ar an áit a dtarraingítear bonnlínte na farraige teorann. Sna cásanna sin, níor cheart go mbeadh sé amhlaidh nach mbeidh díolmhaithe ó cheanglais VMS ach soithí a oibríonn laistigh den fharraige theorann, fad is nach mbeidh soithí atá níos cóngaraí do líne an chladaigh. Cuimsítear leis an bhfoclaíocht nua atá beartaithe uiscí inmheánacha agus an fharraige theorann araon.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 17
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 30 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit bearta bainistithe iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfaidh leibhéil saothraithe de shéaclaí móra dearga agus de shéaclaí gorma agus dearga an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.	1. Déanfaidh na Ballstáit bearta bainistithe iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfaidh leibhéil saothraithe de shéaclaí móra dearga agus de ***stoic*** séaclaí gorma agus dearga an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

Or. en

Réasúnú

CGIM/45/2022/6 agus CGIM/46/2023/3

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 22
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 37 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit bearta bainistithe iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfaidh leibhéil saothraithe de shéaclaí móra dearga agus de shéaclaí gorma agus dearga an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.	1. Déanfaidh na Ballstáit bearta bainistithe iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfaidh leibhéil saothraithe de shéaclaí móra dearga agus de ***stoic*** séaclaí gorma agus dearga an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.

Or. en

Réasúnú

CGIM/45/2022/5

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 23
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 44 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Nuair a bhainfear amach tairseach gabhála coiréalaigh dheirg dá dtagraítear i mír 4 agus mír 5, déanfaidh na Ballstáit an limistéar lena mbaineann a chosc ar bhonn sealadach ar iascach coiréalaigh dheirg. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.	3. Nuair a bhainfear amach tairseach gabhála coiréalaigh dheirg dá dtagraítear i mír 4, déanfaidh na Ballstáit an limistéar lena mbaineann a chosc ar iascach coiréalaigh dheirg ***ar fhorais réamhchúraim***. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi sin. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig

Rúnaíocht CGIM.

Or. en

Réasúnú

Ní mór Airteagal 1, mír 23 den Togra, lena leasaítear Airteagal 44, mír 3 de Rialachán (AE) 2023/2124, a ailíniú le mír 22 de Mholadh CGIM/43/2019/4 maidir le trasuí comhsheasmhach na forála tríd an bhfoclaíocht atá in easnamh faoi láthair a chur leis: "ar fhorais réamhchúraim"

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 24 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 55

An téacs atá ann	*Leasú*
	(24a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 55:
1. Ar feadh idirthréimhse trí bliana (2020-2022), féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach i gcéim phíolótach na Scéime Doiciméadaithe um Ghabháil (CDS), chun tionscnamh coiréalaigh dheirg a shaothraítear a shainaithint i limistéar chur i bhfeidhm CGIM, agus cuirfidh siad na bearta inrianaitheachta seo a leanas chun feidhme:	**"**1. ***Cuirfidh*** na Ballstáit an Scéim Doiciméadaithe um Ghabháil (CDS) ***Coiréalach Dearg chun feidhme go hiomlán faoin [an dáta teacht i bhfeidhm] feadh an tslabhra soláthair ar fad chun inrianaitheacht an choiréalaigh dheirg (Corallium rubrum) a shaothraítear sa Mheánmhuir a áirithiú agus chun rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN).***
(a) beidh deimhniú CDS bailíochtaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn X agus arna eisiúint ag údaráis inniúla an stáit brataí ag gabháil le gach tabhairt i dtír, allmhairiú, onnmhairiú agus ath-onnmhairiú coiréalaigh dheirg a shaothraítear;	
(b) beidh uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid ag gach deimhniú. Beidh an uimhir sonrach i leith an stáit brataí agus sannfar í do gach iascaire nó soitheach údaraithe. Ní	

bheidh na deimhnithe sin inaistrithe chuig iascaire nó soitheach údaraithe eile;

(c) Ní bhailíochtóidh na Ballstáit deimhniúcháin saothraithe CDS le haghaidh coiréalach dearg ach amháin nuair a chinnfear an fhaisnéis uile atá in CDS a bheith cruinn mar thoradh ar fhíorú na ndoiciméad tacaíochta agus na coinsíneachta comhfhreagraí.

2. Tabharfaidh na Ballstáit atá rannpháirteach sa chéim phíolótach tuairisc don Choimisiún, agus tabharfaidh an Coimisiún tuairisc do Rúnaíocht CGIM dá réir, maidir le cur chun feidhme na céime píolótaí i gcomhthéacs CDS buan le haghaidh coiréalach dearg.

2. Beidh an Scéim pháipéarbhunaithe Doiciméadaithe um Ghabháil Coiréalach Dearg a bhunaítear i mír 1 gan dochar do chórais inrianaitheachta náisiúnta eile atá i bhfeidhm lena n-áirithítear an leibhéal céanna rialaithe ar inrianaitheacht táirgí coiréalaigh dheirg ag na Ballstáit.

3. Tá feidhm ag an Scéim pháipéarbhunaithe Doiciméadaithe um Ghabháil Coiréalach Dearg maidir leis na chéad gabhálacha a thugtar i dtír, onnmhairí agus ath-onnmhairí. Ní áirítear trádáil intíre sa slabhra bailíochtaithe.

4. De mhaolú ar mhír 1, bunaítear idirthréimhse bliana, ar lena linn a fhéadfar coiréalach dearg a stóráiltear roimh [an dáta teacht i bhfeidhm] a onnmhairiú nó a ath-onnmhairiú gan roinn ghabhála bhailíochtaithe sa deimhniú saothraithe.

5. Chun nasc a áirithiú idir doiciméid bhailíochtaithe de chuid na Scéime Doiciméadaithe um Ghabháil agus coinsíneachtaí de choiréalach dearg lena mbaineann siad, d'fhéadfadh na Ballstáit córas lipéadaithe a bhunú.

6. Beidh deimhniú bailíochtaithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn XX nó doiciméad coibhéiseach, amhail an deimhniú saothraithe atá i bhfeidhm sna Ballstáit is onnmhaireoirí, ag gabháil le gach coinsíneacht de coiréalach dhearg a allmhairítear, a onnmhairítear nó a ath-onnmhairítear óna tionscnamh.

7. Beidh uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid ag gach deimhniú saothraithe. Beidh an uimhir sonrach i leith an Bhallstáit brataí agus sannfar í do gach iascaire nó soitheach saothraithe. Ní bheidh na deimhnithe inaistrithe chuig iascaire nó soitheach saothraithe eile.

8. Ní bhailíochtóidh na Ballstáit deimhnithe saothraithe ach amháin nuair a shuífear go bhfuil an fhaisnéis go léir atá sa Scéim Doiciméadaithe um Ghabháil Coiréalach Dearg cruinn mar thoradh ar fhíorú na ndoiciméad tacaíochta agus na coinsíneachta comhfhreagraí.

9. Tuairisceoidh na Ballstáit do Rúnaíocht CGIM maidir lena Scéim Doiciméadaithe um Ghabháil, chomh maith le ceanglais chlibeála agus sainaitheantais a d'fhéadfadh a bheith ann agus ceanglais inrianaitheachta agus rianaithe i ndáil le coiréalach dearg a shaothrú, a bheidh i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo chun a áirithiú go héifeachtach go gcomhlíonfar an cuspóir inrianaitheachta.

10. Déanfar ath-onnmhairiú táirgí arna n-allmhairiú faoi dheimhniú saothraithe i gcomhréir leis an Airteagal seo a údarú trí bhailíochtú a dhéanamh, ag údaráis inniúla na mBallstát óna bhfuil ath-onnmhairiú le déanamh, ar an roinn "ath-onnmhairiú" den deimhniú saothraithe dá dtagraítear in Iarscríbhinn XX nó ar chóip de ina bhfuil na táirgí iascaigh atá le hath-onnmhairiú san áireamh mar chuid de na táirgí arna n-allmhairiú.

11. Nuair a shainaithníonn Ballstát neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí atá san Airteagal seo, cuirfidh sé an stát brataí agus an Coimisiún ar an eolas agus tarchuirfidh sé chuig Rúnaíocht CGIM é.

12. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Rúnaíocht CGIM maidir lena n-údaráis inniúla atá freagrach as na deimhnithe

saothraithe a bhailíochtú, a sheiceáil agus a fhíorú, chomh maith le pointí teagmhála na Scéime Doiciméadaithe um Ghabháil, séala bailíochtaithe agus faisnéis eile atá ábhartha do chur chun feidhme na Scéime Doiciméadaithe um Ghabháil.

13. Coinneoidh na Ballstáit na deimhnithe bailíochtaithe páipéarbhunaithe maidir le saothrú coiréalach dearg ar feadh tréimhse deich mbliana.

14. Tuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil maidir le cur chun feidhme na Scéime páipéarbhunaithe Doiciméadaithe um Ghabháil Coiréalach Dearg do Rúnaíocht CGIM d'fhonn fógra a thabhairt don Choiste um Chomhlíonadh (CoC), lena soláthrófar faisnéis mhionsonraithe agus sonraí staidrimh maidir le, inter alia, cainníochtaí bliantúla arna mbailíochtú, cainníochtaí bliantúla arna dtrádáil, líon na ndeimhnithe saothraithe arna mbailíochtú, agus aon eilimintí ábhartha a mheastar a sholáthraíonn faisnéis maidir leis an staid mar atá. Cuirfear na tuarascálacha faoi bhráid Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná 30 lá roimh sheisiún an Choiste um Chomhlíonadh (CoC).”

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/19

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 29
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 60 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 60 a	Airteagal 60 a
Bearta bainistithe cabhlach	Bearta bainistithe cabhlach
Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh acmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh na gcabhlach faoin roinn seo, i dtéarmaí olltonnáiste (GT) agus/nó olltonnáiste cláraithe (GRT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir an Aontais agus CGIM araon, thar an acmhainneachta cabhlaigh iascaireachta le haghaidh iascach grinnill sa bhliain 2021’;	Maidir le hacmhainneacht fhoriomlán cabhlaigh ***na gcabhlach a oibríonn le tráil ghrinnill agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar na príomhstoic*** i dtéarmaí olltonnáiste (GT), cumhacht innill (kW) agus líon na soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus i gcláir CGIM araon, áiritheoidh na Ballstáit ***nach sáróidh sí, le linn thréimhse an phlean bainistíochta ilbhliantúil***, acmhainneacht an chabhlaigh le haghaidh iascaigh ghrinnill sa bhliain 2021’;

Or. en

Réasúnú

CGIM/45/2022/4

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 33 – pointe -a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 70 – mír 1

An téacs atá ann	*Leasú*
	(-a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:
1. Bunóidh na Ballstáit liosta de shoithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar speicis a liostaítear in Airteagal 66.	***“***1. Bunóidh na Ballstáit liosta de shoithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar speicis a liostaítear in Airteagal 66 ***trí iascaireacht le trál dobharchú, trál bíoma agus trál otair dúbailte*”;**

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

Ní mór Airteagal 70, mír 1 de Rialachán 2023/2124 a ailíniú le mír 30 de Mholadh CGIM/43/2019/5 chun soiléiriú a fháil maidir leis an gcabhlach a bhfuil feidhm ag an oibleagáid liosta soithí a thiomsú ina leith, ós rud é go bhfuil an fhoclaíocht atá ann faoi láthair neamhbheacht agus go gceadaítear léirmhíniú léi go bhfuil feidhm ag an oibleagáid maidir leis an gcabhlach iomlán. Dá bhrí sin, ní mór an fhoclaíocht "iascaireacht le trál dobharchú, trál bíoma, trál grinnill dhá bhád agus trál otair dúbailte" a chur le deireadh na habairte a ghabhann le foráil Airteagal 70, mír 1.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 35
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 73

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 73	Airteagal 73
Scope	Scope
Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile a spriocdhíríonn ar phríomhstoic pheiligeacha bheaga (ainseabhaithe agus sairdíní) in FLGanna 17 agus 18 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I.';	Tá feidhm ag an roinn seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile lena ndírítear ar phríomhstoic pheiligeacha bheaga (ainseabhaithe agus sairdíní) in FLGanna 17 agus 18 dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I ***trí bhíthin soithí peas-saighne agus trálaeir pheiligeacha".***

Or. en

Réasúnú

Ní mór Airteagal 1, mír 35 den Togra, a chuirtear in ionad Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2023/2124, a ailíniú le mír 1 de Mholadh CGIM/44/2021/20 maidir le trasuí comhsheasmhach tríd an bhfoclaíocht atá in easnamh faoi láthair a chur isteach ag deireadh na habairte, tríd an gcabhlach sonrach a bhfuil feidhm ag an bhforáil maidir leis a shoiléiriú agus trí chosc a chur ar é a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha eile iascaireachta: "trí bhíthin soithí peas-saighne agus trálaeir pheiligeacha."

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 35 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(35a) In airteagal 74, scriostar mír 5.

Or. en

Réasúnú

I gcás éisc pheiligeacha bheaga a bhainistiú i Muir Aidriad, glacadh Moladh CGIM/44/2021/20 nua maidir le plean bainistíochta ilbhliantúil le haghaidh saothrú inbhuanaithe stoc iasc peiligeach beag i Muir Aidriad (folimistéir gheografacha 17 agus 18) ag tionól bliantúil CGIM i mí na Samhna 2021. Le glacadh an phlean bainistíochta ilbhliantúil nua, déantar neamhfheidhmiúil an plean bainistíochta ilbhliantúil a glacadh in 2013 le Moladh CGIM/37/2013/1. Áirítear in Airteagal 74, mír 5 de Rialachán (AE) 2023/2124 atá ann faoi láthair beart chun iarracht iascaireachta a bhainistiú trí theorainn a chur leis an líon laethanta iascaireachta (20 lá in aghaidh na míosa agus 180 lá in aghaidh na bliana), a díorthaíodh ó phlean bainistíochta ilbhliantúil 2013 (CGIM/37/2013/1). Dá gcoinneofaí foráil Airteagal 74, mír 5 de Rialachán (AE) 2023/2124, shárófaí raon feidhme Moladh CGIM/44/2021/20 agus d'fhorchuirfí srianta breise ar na Ballstáit, nach mbeidh feidhm acu maidir le páirtithe conarthacha CGIM eile (e.g. an Albáin agus Montainéagró). Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 74, mír 5 de Rialachán 2023/2124 a scriosadh.

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go bliantúil go ndéanfar na sonraí eolaíocha agus tráchtála uile a bhailítear i mbliain shonrach a sholáthar don Choimisiún faoin 15 Márta an bhliain dár gcionn.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go bliantúil go ndéanfar na sonraí eolaíocha agus tráchtála uile a bhailítear i mbliain shonrach a sholáthar do ***Rúnaíocht CGIM*** faoin ***1 Aibreán*** den bhliain dár gcionn. ***Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don*** Choimisiún ***faoi na nithe sin.***

Or. en

Réasúnú

CGIM/44/2021/20

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Seolfaidh an Coimisiún na sonraí dá dtagraítear i mír 1 ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Aibreán gach bliain.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

CGIM/44/2021/20

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ainmneoidh na Ballstáit láithreacha tabhairt i dtír ina ndéanfaidh na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar ainseabhaithe agus ar shairdíní tabhairt i dtír. I gcás gach láithrigh a ainmnítear sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na láithreacha ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.	1. Ainmneoidh na Ballstáit pointí tabhairt i dtír ina ndéanfaidh soithí atá i mbun iascaireacht ghníomhach ar ***phríomhstoic pheiligeacha beaga*** i ***Muir Aidriad*** an tabhairt i dtír. I gcás gach pointe a ainmnítear sonróidh na Ballstáit na hamanna agus na láithreacha ina gceadófar tabhairt i dtír agus trasloingsiú.

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74c – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Toirmiscfear ar aon chainníocht gabhálacha ainseabhaithe agus sairdíní a dhéantar iascaireacht orthu a theacht i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta le peas-saighní agus tráil pheiligeacha i Muir Aidriad in aon áit seachas sna láithreacha tabhairt i dtír a ainmníonn na Ballstáit.	2. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht gabhálacha ***príomhspeiceas peiligeach beag*** a iascann peas-saighne nó trál peiligeach i Muir Aidriad a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna pointí tabhairt i dtír arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74c – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don Choimisiún faoin 15 Samhain gach bliain aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír a ainmnítear inar féidir ainseabhaithe agus sairdíní a thabhairt i dtír. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin faoin 30 Samhain gach bliain.	3. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún faoin 15 Samhain gach bliain aon athrú ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe ina bhféadfar ***príomhspeicis pheiligeacha bheaga*** a thabhairt i dtír i ***Muir Aidriad***. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin faoin 30 Samhain gach bliain.

Or. en

Réasúnú

An téacs a ailíniú níos fearr le Moladh CGIM/44/2021/20

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74d – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit bearta bainistithe iascach nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun a áirithiú go ndéanfaidh leibhéil saothraithe na stoc ainseabhaithe agus sairdíní an uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach agus a choinneáil ar bun.	1. Glacfaidh na Ballstáit bearta bainistíochta iascaigh nó pleananna bainistíochta náisiúnta faoi raon feidhme na roinne seo chun ***caomhnú leordhóthanach stoc peiligeach beag*** a áirithiú.

Or. en

Réasúnú

An téacs a ailíniú níos fearr le Moladh CGIM/44/2021/20

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74d – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfidh na Ballstáit a mbearta bainistíochta nó a bpleananna bainistíochta náisiúnta a glacadh agus aon mhodhnú a dhéanfar ar na bearta nó na pleananna sin faoi bhráid an Choimisiúin go pras faoin 15 Aibreán gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta agus pleananna sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.	2. Tabharfaidh na Ballstáit ***fógra*** go pras don Choimisiún ***faoi aon*** bhearta bainistíochta nó aon phleananna bainistíochta náisiúnta arna nglacadh ***ar an leibhéal náisiúnta*** faoin 15 Aibreán gach bliain. Tarchuirfidh an Coimisiún na bearta agus pleananna sin chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 74f – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Le linn na hidirthréimhse, cuirfidh na Ballstáit tréimhsí coiscthe spásúla i bhfeidhm ar shoithí ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ar feadh tréimhse nach lú ná 9 mí. Cumhdóidh na tréimhsí coiscthe sin 30 faoin gcéad de na huiscí teorann nó na huiscí inmheánacha ar sainaithníodh go bhfuil tábhacht ag baint leo ar mhaithe le haicmí óga éisc a chosaint.	3. Le linn na hidirthréimhse, cuirfidh na Ballstáit tréimhsí coiscthe spásúla i bhfeidhm ar shoithí ar mó ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán ar feadh tréimhse nach lú ná 9 mí. Cumhdóidh na tréimhsí coiscthe sin 30 faoin gcéad de na huiscí teorann nó na huiscí ***inmheánacha*** ar sainaithníodh go bhfuil tábhacht ag baint leo ar mhaithe le haicmí óga éisc a chosaint.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 75 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36a) Cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	‘Airteagal 75a
	Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta
	1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi raon feidhme na roinne seo faoi chuimsiú Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta (‘an Scéim’) lena gcumhdaítear na huiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfo-limistéir gheografacha CGIM 19, 17 agus 18 (Muir Aidriad), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I (‘an limistéar

cigireachta agus faireachais').

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun é a chur ar chumas an Aontais páirt a ghlacadh sa Scéim. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na bpleananna sin a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus ábhartha is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, faoin 15 Samhain gach bliain, fógra don Choimisiún, nó do chomhlacht arna ainmniú aige, faoi liosta ainmneacha na gcigirí atá údaraithe cigireacht agus faireachas a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús le gníomhaíochtaí cigireachta.

5. Beidh i seilbh cigirí atá sannta don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus

dualgais bhordála agus chigireachta á ndéanamh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar CGIM sin chun an fhaisnéis is gá le haghaidh comhordú gníomhaíochtaí a mhalartú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta amharc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, liosta bordála agus liosta cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/18

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 75aa (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36b) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas idir Airteagal 75 agus Airteagal 76:
	Airteagal -75aa
	Cigireachtaí a dhéanamh
	1. Déanfaidh cigirí atá sannta don Scéim an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta;

(b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála;

(c) gach foireann cigireachta a theorannú do thriúr cigirí ar a mhéad.

2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí an cárta aitheantais a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV do mháistir an tsoithigh iascaireachta. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.

3. Tarraingeoidh cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.

4. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúil a chur leis an tuarascáil a mheasann sé a bheith oiriúnach agus ní mór dó na barúlacha sin a shíniú freisin.

5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus tarchuirfidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún agus/nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

6. Déanfaidh oifigeach ceannais an tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus tréimhse na cigireachta a shocrú agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige."

Or. en

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/18

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 36 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 75ab (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(36c) Cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas idir Airteagal 75 agus Airteagal 76:
	"Airteagal -75ab
	Sáruithe
	1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:
	(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a), (b), (c), (e), (f), (g) agus (h) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;
	(b) cur isteach ar chóras faireacháin satailíte; agus
	(c) oibriú gan VMS.
	2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht agus do Rúnaíocht CGIM go díreach. Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.
	3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí

an tsoithigh iascaireachta go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbeidh sárú braite le linn cigireachta, déanfar na bearta agus an obair leantach a dhéanann an Ballstát brataí a fhógairt don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a dhéanfar ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 30(3), bileog faisnéise amhairc dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha ó chigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta.'

Or. en

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/18

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 78 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta fhoriomlán i dtéarmaí olltonnáiste (GT) agus/nó olltonnáiste cláraithe (GRT), cumhacht innill (kW)	1. Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta fhoriomlán i dtéarmaí olltonnáiste (GT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir

agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus CGIM araon, thar an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta arna meánú le haghaidh na n-iascach i gcaitheamh 2018-2021.	náisiúnta agus CGIM araon, thar an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta arna meánú le haghaidh na n-iascach i gcaitheamh 2018-2021.

Or. en

Réasúnú

CGIM/45/2022/3

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 39
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 78 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta na gcabhlach a bhíonn ag iascaireacht deargán trína bheith ag úsáid línte láimhe agus báid spiléireachta grinnill agus measctha, i dtéarmaí olltonnáiste (GT) agus/nó olltonnáiste cláraithe (GRT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir an Aontais agus CGIM araon, a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta.	2. Déanfaidh na Ballstáit acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta na gcabhlach a bhíonn ag iascaireacht deargán trína bheith ag úsáid línte láimhe agus báid spiléireachta grinnill agus measctha, i dtéarmaí olltonnáiste (GT), cumhacht innill (kW) agus líon soithí, mar a thaifeadtar i gcláir an Aontais agus CGIM araon, a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta.

Or. en

Réasúnú

CGIM/45/2022/3

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 79 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh na hiascairí nó a n-ionadaithe an fhaisnéis a shonraítear i mír 4 a chur isteach suas le 1 uair an chloig amháin roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, i gcás ina bhfuil an mheá níos lú ná 4 uair an chloig ón gcalafort teachta.	4. Féadfaidh na hiascairí nó a n-ionadaithe an fhaisnéis a shonraítear i mír ***3*** a chur isteach suas le 1 uair an chloig amháin roimh an am a mheastar a bhainfear an calafort amach, i gcás ina bhfuil an mheá níos lú ná 4 uair an chloig ón gcalafort teachta.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 79 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Gan dochar d'Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, tuairisceoidh iascairí agus máistrí soithí iascaireachta údaraithe a dhéanann iascaireacht ghníomhach faoi raon feidhme na roinne seo na gabhálacha uile, beag beann ar bheomheáchan na gabhála agus taifeadfaidh siad gabhálacha na speiceas sin nó déanfaidh siad meastóireachtaí ina leith.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 maidir le hiascairí nó máistrí soithí iascaireachta údaraithe uile an Aontais, mar sin níl gá le mír bhreise.

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40

Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 79 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht deargán a ghabhtar i Muir Alboran a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna calafoirt tabhairt i dtír a ainmníonn na Ballstáit.	6. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht deargán a ghabhtar i Muir Alboran a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna pointí tabhairt i dtír a ainmníonn na Ballstáit.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 40
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 79 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. D'ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, déanfar córas um fhaireachán soithí (VMS) nó córas eile geoshuímh lena lamháiltear do na húdaráis rialaithe a ngníomhaíocht a rianú i gcónaí le linn na dturas iascaireachta a fheistiú, faoin 1 Eanáir 2024, ar gach soitheach atá údaraithe faoin gcaibidil seo ar mó ná 10 méadar a fad foriomlán. ”;	10. D'ainneoin Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, faoin ***[dáta teacht i bhfeidhm]*** déanfar córas um fhaireachán soithí (VMS) nó córas eile geoshuímh lena lamháiltear do na húdaráis rialaithe a ngníomhaíocht a rianú i gcónaí le linn na dturas iascaireachta a fheistiú, faoin, ar gach soitheach atá údaraithe faoin gcaibidil seo ar mó ná 10 méadar a fad foriomlán. ”;

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 42 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 81

An téacs atá ann	*Leasú*
	(42a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 81:
Airteagal 81	‘Airteagal 81
Scope	Scope
Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis na gníomhaíochtaí iascaireachta uile lena ndírítear ar an dorád coiteann (Coryphaena hippurus) ina n-úsáidtear feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) ***ar fud na Meánmhara (FLGanna 1 go 27).***	Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta ***peiligí sa Mheánmhuir (folimistéir gheografacha 1 go 27)*** lena ndírítear ar an dorád coiteann (Coryphaena hippurus) ***trí bhíthin*** FADanna ***agus iascaireacht áineasa.”***

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

CGIM/46/2023/14

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 42 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 83

An téacs atá ann	*Leasú*
	(42b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 83:
Cuirfidh na Ballstáit a bhfuil sé á bhreithniú acu tosú ag díriú ar an dorád coiteann, agus FADanna á n-úsáid acu, a mbearta náisiúnta faoi bhráid an Choimisiún nuair a ghlacfar iad agus tarchuirfidh an Coimisiún na bearta sin chuig Rúnaíocht CGIM gan mhoill.	***“Le linn na hidirthréimhse, áiritheoidh*** na Ballstáit ***go mbunófar teorainn ghabhála ar bhonn na ngabhálacha tuairiscithe a thugtar i dtír do CGIM mar a leanas: cibé acu i) ar bhonn mheán aon 2 bhliain de thabhairt i dtír le linn na tréimhse 2018–2022 nó ii) ar bhonn gabhálacha a tugadh i dtír in 2022.’***

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

CGIM/46/2023/14

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 42 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 84 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(42c) In Airteagal 84, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	"2a. Cuirfidh na Ballstáit a sonraí náisiúnta (mar a shonraítear in Iarscríbhinn XXV) faoi bhráid Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná an 31 Iúil gach bliain féilire."

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/14

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 42 d (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 85

An téacs atá ann	*Leasú*
	(42d) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 85:
Maidir leis na Ballstáit atá ag díriú ar an dorád coiteann trí úsáid a bhaint as FADanna agus nach bhfuil bearta bainistíochta náisiúnta acu, glacfaidh siad bearta bainistithe náisiúnta lena n-áirítear	***"1. Chun caomhnú leordhóthanach an*** doráid ***choitinn a áirithiú***, glacfaidh na Ballstáit bearta bainistíochta iascaigh ***nó pleananna bainistíochta náisiúnta sna FLGanna 1-27.***

ar a laghad tacar beart a áiríonn na heilimintí a liostaítear in Iarscríbhinn IX.

2. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Rúnaíocht CGIM faoi na bearta bainistíochta nó na pleananna bainistíochta arna nglacadh ar an leibhéal náisiúnta. I gcás inarb iomchuí, má dhéantar na bearta sin a mhodhnú, cuirfidh na Ballstáit na modhnuithe sin in iúl faoin 30 Aibreán an bhliain dár gcionn."

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/14

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 43 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 86 – mír -1 (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(43a) In Airteagal 86, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	"-1. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh acmhainneacht iomlán cabhlaigh na gcabhlach a oibríonn le FADanna agus a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar an bpríomhstoc, ó thaobh cumhacht innill (kW) olltonnáiste (GT) agus líon na soithí mar a thaifeadtar i gcláir náisiúnta agus i gcláir CGIM araon, thar thréimhse shainordú an mholta seo, acmhainneacht an chabhlaigh le haghaidh dorád coiteann in iascaigh FAD sa bhliain 2019."

Or. en

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/14

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 44 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 88 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(44a) in Airteagal 88, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	"3a. Ón gcéad lá de shéasúr oscailte an FAD in 2027, ba cheart FADanna a chruthú go heisiach le hábhair in-bhithmhillte chun a áirithiú nach gcuirfidh FADanna a chaillfear tuilleadh le truailliú plaisteach muirí.";

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/14

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 45
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 88 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. ***Gan dochar do na forálacha níos déine a leagtar síos in Airteagail 14(7) agus 48 de Rialachán (CE) 1224/2009.*** I gcás ina gcaillfear FAD nó nach mbeidh sé indéanta FAD a ghabháil, taifeadfaidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta an suíomh deireanach arb eol é a bheith ann agus a dháta. Maidir le FAD a cailleadh,	6. I gcás ina gcaillfear FAD nó nach mbeidh sé indéanta FAD a ghabháil, taifeadfaidh iascairí nó máistrí soithí iascaireachta an suíomh deireanach arb eol é a bheith ann agus a dháta. Maidir le FAD a cailleadh, baileoidh agus tuairisceoidh soithí iascaireachta a shaothraíonn an dorád coiteann suíomh cláraithe deireanach,

baileoidh agus tuairisceoidh soithí iascaireachta a shaothraíonn an dordán coiteann suíomh cláraithe deireanach, uimhir aitheantais agus aon fhaisnéis lenar féidir úinéir FAD a shainaithint.

uimhir aitheantais agus aon fhaisnéis lenar féidir úinéir FAD a shainaithint.”

Or. en

Réasúnú

Ní mheastar gur trealamh iascaireachta iad FADanna in Airteagail 14(7) agus 48 de Rialachán (CE) 1224/2009. Ní bhaineann Airteagal 14(7) agus Airteagal 48 de Rialachán (CE) 1224/2009 ach le trealamh caillte amháin.

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 45 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 89

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45a) in Airteagal 89, cuirtear na míreanna seo a leanas leis:
	“3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh gach soitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige agus a shaothraíonn dorád coiteann a ngníomhaíochtaí iascaireachta le FADanna a thaifeadadh.
	4. I gcás ina gcaillfear FAD, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu suíomh cláraithe deiridh FAD a cailleadh a bhailiú agus a thuairisciú mar aon le dáta a shuímh chláraithe deiridh, a uimhir aitheantais agus aon fhaisnéis lenar féidir úinéir FAD a shainaithint.
	5. Faoi 2032 ar a dhéanaí, glacfaidh CGIM rialacha cur chun feidhme chun FADanna a shainaithint agus a mharcáil.’

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 45 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 89 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45b) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas i dTeideal II, Caibidil VII:
	"Airteagal 89a
	Bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte
	1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh sásraí leordhóthanacha i bhfeidhm chun gach soitheach iascaireachta a chlárú i gclár cabhlaigh náisiúnta chun gabháil agus iarracht iascaireachta an tsoithigh a thaifeadadh sa logleabhar agus chun faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta agus tabhairt i dtír an tsoithigh trí bhíthin suirbhéanna agus sampláil gabhálacha agus iarrachta iascaireachta, arna ndéanamh i gcomhréir leis na rialacha arna leagan amach ag gach Ballstát.
	2. Ainmneoidh gach Ballstát pointí tabhairt i dtír ag a ndéanfaidh soithí atá i mbun iascaireacht ghníomhach ar an bpríomhstoc sa Mheánmhuir an tabhairt i dtír.
	3. I gcás gach calafoirt ainmnithe, sonróidh na Ballstáit lena mbaineann na hamanna agus na háiteanna ina gceadófar gabhálacha a thabhairt i dtír agus a thrasloingsiú.

4. Déanfaidh na Ballstáit cigireachtaí ar bhonn anailís riosca. Beidh toirmeasc ar aon chainníocht de dhorád coiteann a dhéantar a iascach sa Mheánmhuir a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú ó shoithí iascaireachta in aon áit seachas sna calafoirt arna n-ainmniú ag na Ballstáit.

5. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig Rúnaíocht CGIM, tráth nach déanaí ná an 30 Samhain agus ina dhiaidh sin gach bliain, aon athruithe ar liosta na láithreacha tabhairt i dtír ainmnithe ag a bhféadfar príomhstoic éisc a thabhairt i dtír sa Mheánmhuir.

6. Rachaidh páirtithe na mBallstát i mbun comhair sa chomhrac i gcoinne gníomhaíochtaí iascaireachta NNN, go háirithe trí fhaisnéis a chomhroinnt agus faisnéis a bhailiú chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha a chomhrac.'

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/14

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 45 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 89 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45c) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas i dTeideal II, Caibidil VII:
	"Airteagal 89b
	Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta
	1. Féadfaidh na Ballstáit gníomhaíochtaí cigireachta agus faireachais a dhéanamh faoi raon

feidhme na roinne seo faoi chuimsiú Scéim Cigireachta agus Faireachais Chomhpháirteach Idirnáisiúnta ('an Scéim') lena gcumhdaítear na huiscí atá lasmuigh de dhlínse náisiúnta i bhfo-limistéir gheografacha CGIM 1 - 27 (An Mheánmhuir), mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I ('an limistéar cigireachta agus faireachais').

2. Féadfaidh na Ballstáit cigirí agus modhanna cigireachta a shannadh agus féadfaidh siad cigireachtaí a dhéanamh faoin Scéim. Féadfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige cigirí de chuid an Aontais a shannadh freisin don Scéim.

3. Comhordóidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige na gníomhaíochtaí faireachais agus cigireachta don Aontas agus féadfaidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann, plean comhpháirteach imscartha a tharraingt suas chun é a chur ar a chumas don Aontas páirt a ghlacadh sa Scéim. Glacfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na bpleananna sin a éascú, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hacmhainní daonna agus ábhartha is gá agus maidir leis na tréimhsí agus na limistéir gheografacha ina n-úsáidfear na hacmhainní sin.

4. Tabharfaidh gach Ballstát, faoin 15 Samhain gach bliain, fógra don Choimisiún, nó do chomhlacht arna ainmniú aige, faoi liosta ainmneacha na gcigirí atá údaraithe cigireacht agus faireachas a dhéanamh sa limistéar dá dtagraítear i mír 1, mar aon le hainmneacha na soithí agus na n-aerárthaí a úsáidtear le haghaidh cigireachta agus faireachais a bhfuil sé beartaithe acu iad a shannadh don Scéim don bhliain dár gcionn. Seolfaidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 1 Nollaig gach

bliain nó a luaithe is féidir sula gcuirfear tús le gníomhaíochtaí cigireachta.

5. Beidh i seilbh cigirí atá sannta don Scéim cárta cigire CGIM arna eisiúint ag na húdaráis inniúla, a bheidh san fhoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn IV.

6. Beidh bratach nó bratainn speisialta, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V, ar foluain ar shoithí agus dualgais bhordála agus chigireachta á ndéanamh acu.

7. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh gach ardán cigireachta atá i dteideal a bhratach a chur ar foluain agus atá ag oibriú sa limistéar dá dtagraítear i mír 1 teagmháil shábháilte, go laethúil nuair is féidir, le gach ardán cigireachta eile atá ag feidhmiú sa limistéar CGIM sin chun an fhaisnéis is gá le haghaidh comhordú gníomhaíochtaí a mhalartú.

8. Tabharfaidh gach Ballstát, a bhfuil láithreacht aige sa limistéar chun cigireacht nó faireachas a dhéanamh dá dtagraítear i mír 1, liosta amharc a bhunaítear i gcomhréir le hIarscríbhinn VII, liosta bordála agus liosta cigireachtaí a rinne sé sa tréimhse 10 lá roimhe sin, lena n-áirítear dátaí, comhordanáidí agus aon fhaisnéis ábhartha eile, do gach ardán cigireachta ar theacht isteach sa limistéar sin dó.

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/17

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 45 d (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 89 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45d) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas i dTeideal II, Caibidil VII:
	"Airteagal 89c
	Cigireachtaí a dhéanamh
	1. Déanfaidh cigirí atá sannta don Scéim an méid seo a leanas: (a) fógra a thabhairt don soitheach iascaireachta roimh bhordáil dóibh faoi ainm an tsoithigh cigireachta; (b) an bhratainn a bhfuil tuairisc uirthi in Iarscríbhinn V a chur ar taispeáint ar an soitheach cigireachta agus ar an soitheach bordála; (c) gach foireann cigireachta a theorannú do thriúr cigirí ar a mhéad.
	2. Ag dul ar bord an tsoithigh dóibh, taispeánfaidh na cigirí an cárta aitheantais a bhfuil tuairisc air in Iarscríbhinn IV do mháistir an tsoithigh iascaireachta. Déanfar cigireachtaí i gceann de theangacha oifigiúla CGIM agus, i gcás inar féidir, sa teanga a labhraíonn máistir an tsoithigh iascaireachta.
	3. Tarraingeoidh cigirí suas tuarascáil ar an gcigireacht san fhormáid a leagtar amach in Iarscríbhinn VI.
	4. Síneoidh cigirí an tuarascáil i láthair mháistir an tsoithigh agus beidh an máistir sin i dteideal aon bharúil a chur leis an tuarascáil a mheasann sé a bheith oiriúnach agus ní mór dó na barúlacha sin a shíniú freisin.
	5. Tabharfar cóipeanna den tuarascáil do mháistir an tsoithigh agus d'údaráis na buíne cigireachta, agus tarchuirfidh siad cóipeanna chuig údaráis Stát brataí an tsoithigh ar a ndearnadh cigireacht agus chuig an gCoimisiún agus/nó chuig comhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún an chóip ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.
	6. Déanfaidh oifigeach ceannais an

tsoithigh cigireachta méid na buíne cigireachta agus tréimhse na cigireachta a shocrú agus na cúinsí ábhartha uile á gcur san áireamh aige."

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/17

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 45 e (nua)
Rialachán (AE) 2023/2124
Airteagal 89 d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(45e) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas i dTeideal II, Caibidil VII:
	"Airteagal 89d
	Sáruithe
	1. Chun críocha an Airteagail seo, measfar gur sáruithe iad na gníomhaíochtaí seo a leanas:
	(a) na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a), (b), (c), (e), (f), (g) agus (h) de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008;
	(b) cur isteach ar chóras faireacháin satailíte; agus
	(c) oibriú gan VMS.
	2. I gcás ina ndéantar aon bhordáil nó cigireacht ar shoitheach iascaireachta agus ina mbraitheann na cigirí sárú lena linn sin, cuirfidh údaráis Bhallstát brataí an tsoithigh cigireachta an Coimisiún, nó comhlacht arna ainmniú aige, ar an eolas faoi láithreach, agus tabharfaidh sé fógra do Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta ar a ndearnadh cigireacht agus do Rúnaíocht CGIM go díreach.

Cuirfidh siad aon long chigireachta ó Bhallstát brataí an tsoithigh iascaireachta a thuigtear a bheith sa cheantar ar an eolas freisin.

3. Tar éis cigireacht ina mbraitear sárú lena linn, áiritheoidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta go gcuirfidh an soitheach iascaireachta ábhartha stop le gach gníomhaíocht iascaireachta. Ceanglóidh an Ballstát brataí ar an soitheach iascaireachta dul chuig calafort arna ainmniú aige laistigh de 72 uair an chloig, áit a gcuirfear tús le himscrúdú.

4. I gcás ina mbeidh sárú braite le linn cigireachta, déanfar na bearta agus an obair leantach a dhéanann an Ballstát brataí a fhógairt don Choimisiún nó don chomhlacht arna ainmniú aige. Cuirfidh an Coimisiún nó comhlacht arna ainmniú aige an beart agus an obair leantach a dhéanfar ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM.

5. Gníomhóidh údaráis na mBallstát ar bhonn tuarascálacha cigireachta, dá dtagraítear in Airteagal 30(3), bileog faisnéise amhairc dá bhforáiltear in Iarscríbhinn VII agus ráitis a thagann as cigireachtaí doiciméadacha ó chigirí ar an gcaoi chéanna agus iad ag déanamh beart ar bhonn tuarascálacha agus ráitis ó chigirí náisiúnta.'

Or. en

Réasúnú

De réir CGIM/46/2023/17

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 47
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 94 a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 94 a	Airteagal 94 a
Deimhniú gabhála le haghaidh turbard	Deimhniú um ghabháil le haghaidh turbard
1. Eiseoidh na Ballstáit deimhniú gabhála CGIM chun tionscnamh gabhálacha turbard in FLG 29 a shainaithint ag gach céim den slabhra soláthair. ***Úsáidfear an deimhniú sin chun a dheimhniú go ndearnadh na gabhálacha sin i gcomhréir leis na bearta caomhnúcháin a bhunaítear i dTeideal II de Chaibidil VIII.***	1. ***Déanfaidh*** na Ballstáit ***an Scéim Doiciméadaithe um Ghabháil (CDS) turbard a chur chun feidhme go hiomlán faoin [dáta teacht i bhfeidhm] feadh*** an tslabhra soláthair ***ar fad chun inrianaitheacht turbard a ghabhtar sa Mhuir Dhubh a áirithiú agus chun rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne gníomhaíochtaí iascaireachta neamhdhleathacha, neamhrialáilte agus neamhthuairiscithe (NNN).***
2. Beidh deimhniú gabhála CGIM bailí arna eisiúint ag údaráis inniúla na mBallstát ag gabháil le gach tabhairt i dtír, allmhairiú, onnmhairiú agus athonnmhairiú turbaird.	2. ***Beidh an Scéim Doiciméadaithe páipéarbhunaithe um*** Ghabháil ***turbard a bhunaítear i mír 1 gan dochar do chórais inrianaitheachta náisiúnta eile atá i bhfeidhm lena n-áirithítear an leibhéal céanna rialaithe ar inrianaitheacht turbard*** ag na Ballstáit ***agus áireofar inti an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn XXIV***.
3. Beidh uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid ag gach deimhniú gabhála. ***Bainfidh an uimhir go sonrach leis an mBallstát brataí agus sannfar í do gach soitheach iascaireachta atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh ar an turbard. Ní bheidh an deimhniú gabhála inaistrithe chuig soitheach iascaireachta eile.***	3. ***Tá feidhm ag an Scéim Doiciméadaithe páipéarbhunaithe um Ghabháil turbard maidir leis an chéad tabhairt i dtír, onnmhairiú agus ath-onnmhairiú. Ní áirítear trádáil intíre sa slabhra bailíochtaithe.***
4. Ní dhéanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit brataí ábhartha na deimhnithe gabhála le haghaidh turbard a bhailíochtú go dtí go suífear, tar éis na doiciméid tacaíochta agus an choinsíneacht chomhfhreagrach a sheiceáil, gur faisnéis chruinn í an fhaisnéis uile atá sna deimhnithe.’;	4. Beidh uimhir uathúil sainaitheantais doiciméid ag gach deimhniú um ghabháil. ***Beidh an uimhir sonrach i leith an Bhallstáit brataí agus sannfar í do gach soitheach iascaireachta. Ní bheidh na*** deimhnithe ***inaistrithe chuig soitheach iascaireachta eile.***
	5. Ní bhailíochtóidh na Ballstáit deimhnithe iascaireachta ach amháin nuair a shuífear go bhfuil an fhaisnéis

uile atá sa Scéim Doiciméadaithe um Ghabháil turbard cruinn mar thoradh ar fhíorú na ndoiciméad tacaíochta agus na coinsíneachta comhfhreagraí.

6. Tuairisceoidh na Ballstáit do Rúnaíocht CGIM maidir lena Scéim Doiciméadaithe um Ghabháil, chomh maith le ceanglais chlibeála agus sainaitheantais a d'fhéadfadh a bheith ann agus ceanglais inrianaitheachta agus rianaithe le haghaidh turbard, a bheidh i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo chun a áirithiú go héifeachtach go gcomhlíonfar an cuspóir inrianaitheachta. Tabharfar fógra faoi na tuarascálacha sin do Rúnaíocht CGIM

7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra do Rúnaíocht CGIM faoina n-údaráis inniúla atá freagrach as na deimhnithe um ghabháil a bhailíochtú, a sheiceáil agus a fhíorú, chomh maith le pointí teagmhála na Scéime Doiciméadaithe um Ghabháil, an séala bailíochtaithe agus faisnéis eile atá ábhartha do chur chun feidhme na Scéime Doiciméadúchaithe um Ghabháil.

8. Coinneoidh na Ballstáit na deimhnithe páipéarbhunaithe bailíochtaithe um ghabháil turbard ar feadh tréimhse cúig bliana.

9. Tuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil do Rúnaíocht CGIM maidir le cur chun feidhme na Scéime páipéarbhunaithe Doiciméadúchaithe um Ghabháil turbard d'fhonn fógra a thabhairt don Choiste um Chomhlíonadh (CoC), lena soláthrófar faisnéis mhionsonraithe agus sonraí staidrimh maidir le, inter alia, cainníochtaí bliantúla arna mbailíochtú, cainníochtaí bliantúla arna dtrádáil, líon na ndeimhnithe saothraithe arna mbailíochtú, agus aon eilimintí ábhartha a mheastar chun faisnéis a sholáthar maidir leis an staid mar atá. Cuirfear na tuarascálacha faoi bhráid Rúnaíocht CGIM tráth nach déanaí ná 30 lá roimh

sheisiún an Choiste um Chomhlíonadh (CoC).

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/20

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 48
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 96 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta nó an iarracht iascaireachta a choinneáil ar bun ar na leibhéil a leagtar síos le haghaidh 2015 go 2021 i dtaca le saothrú fíogach gobach sa Mhuir Dhubh.	Déanfaidh na Ballstáit an acmhainneacht cabhlaigh iascaireachta nó an iarracht iascaireachta a choinneáil ar bun ar na leibhéil ***a údaraíodh agus a cuireadh i bhfeidhm le linn na mblianta 2015*** - 2021 i dtaca le saothrú fíogach gobach sa Mhuir Dhubh.

Or. en

Réasúnú

CGIM/44/2021/10 agus CGIM/47/2024/10

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 48
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 96b – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon bheart breise chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí chun críoch an fhaireacháin eolaíoch ar speicis fíogaigh ghobaigh.	3. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar aon bheart breise chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí chun críoch an fhaireacháin eolaíoch ar fhíogaigh ghobaigh.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 49 – pointe a
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 98 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit ardchosaint ar ghníomhaíochtaí iascaireachta do na speicis ealásmabrainciacha a liostaítear in Iarscríbhinn II agus III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir.’;	1. ***Spreagfaidh*** na Ballstáit ***tuilleadh gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar stádas caomhnaithe na speiceas*** ealásmabrainciach a liostaítear in Iarscríbhinn II ***a ghabhann leis*** an bPrótacal ***agus chun riosca gabhála de thaisme in oibríochtaí iascaireachta agus/nó an bhásmhaireacht ghaolmhar*** a bhaineann le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus le héagsúlacht bhitheolaíoch sa Mheánmhuir a mhaolú nó a dhíothú, i gcás inar féidir’.;

Or. en

Réasúnú

CGIM/44/2021/16

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 49 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 98 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 15 Aibreán 2026, maidir le gníomhaíocht amháin ar a laghad in aghaidh an speicis/géinis a liostaítear in Iarscríbhinn XVII agus a fhaightear san fho-limistéar geografach a ndéantar	4. Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 15 Aibreán 2026, maidir le gníomhaíocht amháin ar a laghad in aghaidh an speicis/géinis a liostaítear in Iarscríbhinn XVII agus a fhaightear i ***FLGanna 1-27*** a ndéantar gníomhaíochtaí

gníomhaíochtaí iascaireachta ann, nó maidir le cúig ghníomhaíocht speiceas-shonracha san iomlán ar a laghad chun feabhas a chur ar stádas caomhantais ealásmabrainciach agus maolú a dhéanamh ar an riosca go ngabhfar ealásmabrainciaigh de thaisme in oibríochtaí iascaireachta agus ar an mbásmhaireacht atá bainteach leis agus, i gcás inar féidir, an riosca agus an bhásmhaireacht sin a dhíothú. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán 2026 ar a dhéanaí.	iascaireachta ann, nó maidir le cúig ghníomhaíocht speiceas-shonracha san iomlán ar a laghad chun feabhas a chur ar stádas caomhantais ealásmabrainciach agus maolú a dhéanamh ar an riosca go ngabhfar ealásmabrainciaigh de thaisme in oibríochtaí iascaireachta agus ar an mbásmhaireacht atá bainteach leis agus, i gcás inar féidir, an riosca agus an bhásmhaireacht sin a dhíothú. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán 2026 ar a dhéanaí.

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 49 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 98 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta a ghabhann speicis siorcanna mar fhoghabháil nó de thaisme an fhoghabháil siorcanna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir leis an mbithéagsúlacht sa Mheánmhuir a theorannú do chéatadán uasta den ghabháil iomlán de réir meáchain de réir an turais iascaireachta nó go líon nach mó ná trí eiseamal.	5. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta a ghabhann speicis siorcanna i ***FLGanna 1-27*** mar fhoghabháil nó de thaisme an fhoghabháil siorcanna a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le limistéir atá faoi chosaint speisialta agus maidir leis an mbithéagsúlacht ***sa Mheánmhuir*** a theorannú do chéatadán uasta den ghabháil iomlán de réir meáchain ***in aghaidh*** an turais iascaireachta nó go líon nach mó ná trí eiseamal.

Or. en

Réasúnú

Athruithe teangeolaíocha

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 50
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 102 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(50) in Airteagal 102, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:	***scriosta***
3. Maidir le speicis éanlaithe mara a liostaítear faoi Iarscríbhinn II a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir a ghabhann le Coinbhinsiún Barcelona, beidh feidhm ag na bearta seo a leanas i limistéir gheografacha na Meánmhara (FLGanna 1-27) mar a ndéantar na speicis sin a ghabháil mar fhoghabháil de réir chomhairle CCE (go príomha i gcás ina ndéantar éanlaith mhara a ghabháil de thaisme le linn oibríochtaí iascaireachta):	
(a) Baileoidh na Ballstáit sonraí chun foghabháil éanlaithe mara san iascach a shaintréithriú go hiomlán, lena n-áirítear gabháil cánóg Bailéarach de thaisme, ar speiceas é atá i mbaol criticiúil. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinn XXII a thuairisciú don Choimisiún faoin 15 Aibreán gach bliain. Seolfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht CGIM faoin 30 Aibreán gach bliain;	
(b) Faoi 2024 déanfaidh na Ballstáit meastóireacht ar éifeachtacht dhá cheann ar a laghad de na bearta maolúcháin idirthréimhseacha a liostaítear in Iarscríbhinn XVIII chun feabhas a chur ar stádas caomhantais speiceas éanlaithe mara agus maolú a dhéanamh ar an riosca go ngabhfar éanlaithe mara de thaisme in oibríochtaí iascaireachta agus ar an mbásmhaireacht atá bainteach leis agus, i gcás inar féidir, an riosca agus an	

bhásmhaireacht sin a dhíothú.';

Or. en

Réasúnú

Aisghaireadh CGIM/44/2021/13 le CGIM/46/2023/22.

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 51
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 103 a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Faoi 2026 tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi dhá cheann ar a laghad de na bearta maolúcháin a ghlactar de bhun phointí 1 agus 2. Ina leith sin, ba cheart a chur san áireamh na limistéir agus na cabhlaigh a ngabhann rioscaí níos airde leo go dtarlóidh idirghníomhuithe.	3. ***Faoin 31 Nollaig 2026*****,** tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi dhá cheann ar a laghad de na bearta maolúcháin a ghlactar de bhun phointí 1 agus 2. Ina leith sin, ba cheart na limistéir agus na cabhlaigh a chur san áireamh, ar limistéir iad a ngabhann rioscaí níos airde leo go dtarlóidh idirghníomhuithe.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 52
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 105a – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) uastairseacha foghabhála féideartha;	(d) ***cur chun feidhme*** uastairseacha foghabhála féideartha;

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 52
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 11 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) feistí fuaimchiaptha a úsáid;	(e) feistí fuaimchiaptha a úsáid; ***agus***

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 52
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 105 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Spreagtar do na Ballstáit cur chun feidhme na mbeart a éascú chun an dul i bhfostú a sheachaint le linn gníomhaíocht foghla agus chun básmhaireacht iarscaoilte a laghdú, trí threoirlínte agus oiliúint iomchuí.	2. ***Iarrtar*** ar na Ballstáit cur chun feidhme na mbeart a éascú chun an dul i bhfostú a sheachaint le linn gníomhaíocht foghla agus chun básmhaireacht iarscaoilte a laghdú, trí threoirlínte agus oiliúint iomchuí.

Or. en

Réasúnú

An téacs a ailíniú níos fearr le Moladh CGIM/44/2021/15

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 53 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 106 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) aon chás de ghabháil de thaisme, scaoileadh agus/nó aischur speiceas	(e) aon chás de ghabháil de thaisme, scaoileadh agus/nó aischur speiceas

siorcanna a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir.’;	siorcanna ***i FLGanna 1-27,*** ar speicis iad a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an bPrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir.’;

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 53 – pointe c
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 106 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) aon chás de ghabháil ealásmabrainciach de thaisme’;	(f) aon chás de ghabháil ealásmabrainciach de thaisme ***i FLGanna 1-27*** ’;

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 54
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 106d – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Soithí iascaireachta atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i gcrios B, beidh siad feistithe le cianfhaireachán leictreonach a úsáideann minicíocht mhéadaithe tarchurtha sonraí chomh maith le logleabhar leictreonach in ord ceart oibre nó doiciméad coibhéiseach, agus déanfar an trealamh iascaireachta atá ar bord nó in úsáid a shainaithint, a uimhriú agus a mharcáil go cuí roimh thús aon oibríochta iascaireachta nó aon loingseoireachta	2. Soithí iascaireachta atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i ***gcuid D(2) d’iarscríbhinn XI***, beidh siad feistithe le cianfhaireachán leictreonach a úsáideann minicíocht mhéadaithe tarchurtha sonraí chomh maith le logleabhar leictreonach in ord ceart oibre nó doiciméad coibhéiseach, agus déanfar an trealamh iascaireachta atá ar bord nó in úsáid a shainaithint, a uimhriú agus a mharcáil go cuí roimh thús aon oibríochta iascaireachta nó aon

laistigh den Limistéar Srianta Iascaigh. A mhéid is féidir, is é a bheidh sa mhinicíocht tarchurtha sonraí córas um fhaireachán soithí (VMS nó córas aitheantais uathoibrithe) gach 30 nóiméad ar a laghad ar dhul isteach do shoitheach iascaireachta in aon chrios de Limistéar Srianta Iascaigh.	loingseoireachta laistigh den Limistéar Srianta Iascaigh. A mhéid is féidir, is é a bheidh sa mhinicíocht tarchurtha sonraí córas um fhaireachán soithí (VMS nó córas aitheantais uathoibrithe) gach 30 nóiméad ar a laghad ar dhul isteach do shoitheach iascaireachta in aon chrios de Limistéar Srianta Iascaigh.

Or. en

Réasúnú

Botún tagartha ceartaithe arna dhéanamh ag an gCoimisiún

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 54
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 106d – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Faoin 15 Bealtaine gach bliain, seolfaidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir leis na bearta bainistíochta a rinneadh sna Limistéir Shrianta Iascaigh. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 140 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i leith inneachar na tuarascála, mar a chomhaontófar ar leibhéal CGIM.	4. Faoin 15 Bealtaine gach bliain, seolfaidh na Ballstáit tuarascáil chuig an gCoimisiún maidir leis na bearta bainistíochta a rinneadh sna Limistéir Shrianta Iascaigh. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 140 den Rialachán seo i leith inneachar na tuarascála, mar a chomhaontófar ar leibhéal CGIM.

Or. en

Réasúnú

Réigiúnú

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 54
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 106d –mír 5 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil dá bhforáiltear i mír 2:	5. Beidh an méid seo a leanas sa tuarascáil dá bhforáiltear i mír ***4***:

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 54
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 106d – mír 5 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) torthaí na scéimeanna cigireachta lena n-áirítear ar a laghad an líon sáruithe a braitheadh, an cineál sáraithe agus na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm;	(c) torthaí na scéimeanna cigireachta lena n-áirítear ar a laghad líon na sáruithe a braitheadh ***agus a rinneadh lasmuigh de réimsí cheannasacht na mBallstát,*** an cineál sáraithe agus na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm;

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 55
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 107

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá limistéar srianta áirithe iascaigh bunaithe in oirthear Mhurascaill an Leoin, atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí geografacha a leagtar	1. Bunaítear limistéar srianta iascaigh i Murascaill an Leoin thoir ***(folimistéar geografach 7) d'fhonn cosaint comhbhailiúchán sceite agus gnáthóg***

amach i gCuid A d'Iarscríbhinn XI.

2. ***I gCuid A Crios (1), toirmeascfar soithí iascaireachta gairmiúla a dhíríonn ar stoic ghrinnill trí úsáid a bhaint as eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill agus mheánuisce agus eangacha grinneallsocraithe agus toirmeascfar gníomhaíocht iascaireachta áineasa.***

3. Gníomhaíochtaí iascaireachta a dhíríonn ar stoic ghrinnill trí úsáid a bhaint as eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill agus mheánuisce chomh maith le heangacha grinneallsocraithe, beidh toirmeasc orthu i gCuid A Crios (2) ón 1 Samhain go dtí an 30 Aibreán gach bliain.';

íogair domhainfharraige a threisiú.

2. ***Déanfar limistéar srianta iascaigh faoi mhír 1 a roinnt ina Limistéar A agus Limistéar B agus a theorannú leis na línte lena gceanglaítear na comhordanáidí geografacha a shainítear i gCuid A d'Iarscríbhinn XI.***

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/1

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 55 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 107 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(55a) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	'Airteagal 107a
	Acmhainn iascaireachta agus iarracht iascaireachta a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh orthu
	1. D'fhonn rannchuidiú le héiceachórais leochaileacha mhuirí (VMEnna) agus gnáthóga riachtanacha éisc do stoic ghrinnill amhail colmóir Eorpach (Merluccius merluccius) a chosaint, beidh toirmeasc i Limistéar A ar aon soithí iascaireachta gairmiúla a

dhíríonn ar stoic ghrinnill agus a úsáideann líonta tarraingthe, spiléir ghrinnill nó mheánuisce nó eangacha grinneallsocraithe.

2. Toirmiscfear aon ghníomhaíocht iascaireachta áineasa i Limistéar A.

3. Beidh toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta lena ndírítear ar stoic ghrinnill agus lena n-úsáidtear líonta tarraingthe, spiléir ghrinnill nó mheánuisce nó eangacha grinneallsocraithe i Limistéar B ón 1 Samhain go dtí an 30 Aibreán gach bliain. 4. Toirmiscfear aon ghníomhaíocht iascaireachta áineasa i Limistéar B.'

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/1

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 56
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 108

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás na stoc grinnill, ní dhéanfaidh iarracht iascaireachta (laethanta ar muir) na soithí a úsáideann eangacha tarraingthe, spiléir ghrinnill agus spiléir mheánuisce agus eangacha grinneallsocraithe sa limistéar srianta iascaigh dá dtagraítear in Airteagal 107 leibhéal na hiarrachta iascaireachta a shárú a cuireadh i bhfeidhm ag gach Ballstát ar leith sa limistéar sin in 2008.	An iarracht iascaireachta ***bhliantúil*** (laethanta ar muir) ***a dhéanfaidh soithí atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh ar stoic ghrinnill in FRA agus*** a úsáideann líonta tarraingthe, spiléir ***ghrinnill*** nó mheánuisce nó eangacha grinneallsocraithe, ní rachaidh sí thar leibhéal na hiarrachta iascaireachta ***a rinneadh le linn na tréimhse tagartha (a socraíodh do na blianta 2015-2017).***
2. Ní aistreoidh na Ballstáit an iarracht idir soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh sa Limistéar Srianta Iascaigh ach a bhfuil a dtrealamh	

éagsúil.’;

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/1

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 56 a (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 110 – mír 3

An téacs atá ann	*Leasú*
	(56a) In Airteagal 110, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:
3. Déanfaidh Ballstáit, tráth nach déanaí ná an 16 Feabhra 2012, an reachtaíocht náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2008 maidir leis na nithe seo a leanas a chur in iúl don Choimisiún:	***“3. Déanfaidh Ballstáit, tráth nach déanaí ná an 16 Feabhra 2012, an reachtaíocht náisiúnta a bhí i bhfeidhm an 31 Nollaig 2008 maidir leis na nithe seo a leanas a chur in iúl don Choimisiún:***
(a) an méid uasta uaireanta an chloig in aghaidh an lae ar lena linn a cheadaítear do shoitheach gabháil do ghníomhaíocht iascaireachta;	(a) uas***tréimhse*** na gníomhaíochta iascaireachta ***laethúla***;
(b) an méid uasta laethanta in aghaidh na seachtaine ar lena linn a cheadaítear do shoitheach fanacht ar muir agus a bheith as láthair ón gcalafort; agus	(b) an líon uasta laethanta ar muir; agus
(c) na hamanna éigeantacha i gcás soithí iascaireachta chun imeacht óna gcalafort cláraithe agus chun filleadh ar a gcalafort cláraithe.	(c) an t-uainiú atá éigeantach ***ó thaobh dlí de*** maidir le himeacht as an gcalafort cláraithe agus ***filleadh air***.’

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

CGIM/46/2023/1

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 56 b (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 110 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(56b) in Airteagal 110, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:
	"3a. Ní aistreoidh na Ballstáit iarracht idir soithí atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh in FRA agus a úsáideann cineálacha éagsúla trealaimh."

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/1

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 56 c (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 110 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(56c) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal 110a
	Faireachán eolaíoch
	Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas:
	1. Go bhforbrófar plean faireacháin eolaíoch do FRA.
	2. Go ndéanfar torthaí phlean faireacháin FRA a thuairisciú agus a phlé go tráthrialta laistigh d'fhochomhlachtaí ábhartha an Choiste Chomhairligh Eolaíoch um Iascach (CCE). Go ndéanfaidh an Coiste

Comhairleach Eolaíoch maidir le hIascaigh (CCE) measúnú rialta ar an bplean faireacháin agus ar a éifeachtúlacht.

3. Go ndéanfaidh na Ballstáit faisnéis maidir le gach soitheach atá údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh i Limistéar B de FRA a thaifeadadh (mar a liostaítear in Iarscríbhinn VIII) agus a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin CGIM ar bhealach atá comhsheasmhach le beartas agus nósanna imeachta rúndachta sonraí CGIM.

4. Go ndéanfaidh an longúinéir faisnéis maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta, gabháil príomhspeiceas, gabháil de thaisme, scaoileadh agus/nó aischur speiceas íogair a liostaítear in Iarscríbhinn II nó in Iarscríbhinn III den Phrótacal maidir le Limistéir atá faoi Chosaint Speisialta agus maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíoch sa Mheánmhuir (Prótacal SPA/BD) a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht agus Réigiún Cósta na Meánmhara a thaifeadadh sa logleabhar leictreonach nó i ndoiciméad coibhéiseach, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta agus le ceanglais tuairiscithe sonraí mholtaí ábhartha CGIM.

5. Go dtuairisceofar an fhaisnéis sin do na húdaráis náisiúnta chun fógra a thabhairt do Rúnaíocht CGIM, i gcomhréir le lámhleabhar an Chreata Tagartha maidir le Bailiú Sonraí (DCRF).

6. Go ndéanfar aon bheart breise eile, mar shampla cumhdach 5 faoin gcéad ar bhreathnóirí ar bord nó cianfhaireachán leictreonach, chun cothrom iomaíochta a bhaint amach idir na soithí uile, chun feabhas a chur ar bhailiú sonraí i bhfianaise an fhaireacháin eolaíoch ar phríomhspeicis.'

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/I

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 56 d (nua)
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 110 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(56d) cuirtear an t-airteagal seo a leanas isteach:
	"Airteagal 110b
	Bearta rialaithe agus forfheidhmiúcháin
	1. Coimeádfaidh na Ballstáit clár de na soithí atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh in FRA.
	2. Faoin [dáta teacht i bhfeidhm], cuirfidh na Ballstáit liosta ar fáil do Rúnaíocht CGIM, trí ardán ar líne Chreat Tagartha CGIM maidir le Bailiú Sonraí (DCRF), de na soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá údaraithe iascaireacht a dhéanamh in FRA. I gcás gach soithigh, beidh an fhaisnéis a mhionsonraítear in Iarscríbhinn VIII sa liosta.
	3. Faoin 31 Bealtaine gach bliain, cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar na bearta bainistíochta a ghlac siad in FRAnna chuig Rúnaíocht CGIM. Chun cur chuige coiteann a éascú ar fud limistéar chur i bhfeidhm CGIM, ullmhófar an tuarascáil sin i gcomhréir le treoirlínte comhchoiteanna arna bhforbairt ag Rúnaíocht CGIM. Foilseofar an tuarascáil ar shuíomh gréasáin CGIM laistigh de dhá mhí tar éis í a fháil ar bhealach a bheidh i gcomhréir le beartas agus nósanna imeachta rúndachta sonraí CGIM.

4. Cuirfidh na Ballstáit in iúl do Rúnaíocht CGIM, faoin [dáta teacht i bhfeidhm], na coinníollacha dlíthiúla, mar atá i bhfeidhm an 31 Nollaig 2023, maidir le fad uasta lae iascaireachta.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh na soithí iascaireachta atá ag oibriú in FRA na hoibleagáidí faoi 1 agus 2.

6. Soithí iascaireachta gairmiúla atá níos faide ná 12 m atá ar idirthuras in FRA, beidh trasfhreagróir oibríochtúil ar bord acu le haghaidh córais um fhaireachán soithí (VMS) agus/nó córais aitheantais uathoibrithe (AIS) ina dtaispeánfar tarchur méadaithe sonraí, agus beidh an trealamh iascaireachta ar fad fáiscthe agus stuáilte acu le linn thréimhse iomlán an idirthurais. Soithí iascaireachta gairmiúla, i gcomhréir le moladh CGIM, leanfaidh siad cúrsa díreach faoi luas seasmhach nach lú ná 6 mhuirmhíle, ach amháin i gcás force majeure nó drochaimsire. Sna cásanna sin, cuirfidh máistir an tsoithigh lárionad faireacháin iascaigh stát brataí an tsoithigh ar an eolas láithreach ionas gur féidir leis fógra a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát faoin force majeure.'

Or. en

Réasúnú

CGIM/46/2023/1

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 57
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 112

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(57) Scriostar Airteagal 112.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Aisghaireadh Moladh CGIM/44/2021/5 le Moladh CGIM/46/2023/1.

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 60
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 120c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Máistrí soithí iascaireachta ar mó a bhfad foriomlán ná 15 mhéadar atá faoina mbratach agus atá páirteach in oibríocht trasloingsithe, comhlánóidh siad dearbhú trasloingsithe CGIM i gcomhréir le hIarscríbhinn XX agus sonróidh siad go sonrach na cainníochtaí uile de gach speiceas a thrasloingsítear nó a fhaightear ar mó iad ná 50 kg de choibhéis bheomheáchain agus/nó an líon aonán i gcás inarb ábhartha.	1. ***D'ainneoin Airteagal 21 de Rialachán 1224/2009,*** Máistrí soithí iascaireachta ar mó a bhfad foriomlán ná 15 mhéadar atá faoina mbratach agus atá páirteach in oibríocht trasloingsithe, comhlánóidh siad dearbhú trasloingsithe CGIM i gcomhréir le hIarscríbhinn XX agus sonróidh siad go sonrach na cainníochtaí uile de gach speiceas a thrasloingsítear nó a fhaightear ar mó iad ná 50 kg de choibhéis bheomheáchain agus/nó an líon aonán i gcás inarb ábhartha.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 60
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 120d – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ceanglófar ar gach soitheach	3. Beidh sé de cheangal ar gach

deontóra agus glactha atá údaraithe chun trasloingsiú a dhéanamh córas oibríochtúil um fhaireachán soithí a bheith ar bord acu agus a úsáid i gcomhréir leis na híoschaighdeáin dá dtagraítear i Moladh CGIM/33/2009/7.	soitheach deontóra agus glactha atá údaraithe trasloingsiú a dhéanamh córas oibríochtúil um fhaireachán soithí a bheith ar bord acu agus a úsáid ***i gcomhréir leis na saintréithe a thuairiscítear in Airteagal 19 de Rialachán 404/2011***

Or. en

Réasúnú

VMS cumdaithe i Rialachán 1224/2009. Saintréithe na ngaireas rianaithe satailíte a ndéantar cur síos orthu i Rialachán 404/2011

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 60
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 120h – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh na Ballstáit, faoin 1 Eanáir 2025, scéim um cheadúnú éigeantach nó clárlann lena gcumhdaítear gach iascaire áineasa a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun.	Déanfaidh na Ballstáit, faoin ***[dáta teacht i bhfeidhm]***, scéim um cheadúnú éigeantach nó clárlann lena gcumhdaítear gach iascaire áineasa a chur i bhfeidhm agus a choinneáil ar bun.

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 64
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 130 a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Ballstáit a dhéanann bordáil ar shoitheach atá ag oibriú gan náisiúntacht, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.	4. ***Nuair a amharctar soitheach agus i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann le bheith in amhras nach bhfuil náisiúntacht ag an soitheach, féadfaidh na Ballstáit a chonaic an soitheach dul ar***

	bord an tsoithigh chun a náisiúntacht a dheimhniú. Ballstáit a dhéanann bordáil ar shoitheach atá ag oibriú gan náisiúntacht, tabharfaidh siad fógra don Choimisiún gan mhoill faoi. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht CGIM gan mhoill.
	Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 64
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 130 a – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Cumhachtaítear don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena bhforlíontar an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 140 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18(1) go (6) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 i leith na sonraí atá le háireamh in Iarscríbhinn VII.';	***scriosta***
	Or. en

Réasúnú

Ní mór cumhachtú a chur isteach in Airteagal 139. Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 130a, mír 7 a scriosadh.

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 65 – an chuid réamhráiteach
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 139

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(65) in Airteagal 139, mír 1, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:	(65) Cuirtear an méid seo a leanas ***in ionad*** Airteagal 139:

‘Airteagal 139

Cumhachtaí a tharmligean

A mhéid is gá, chun leasuithe ar bhearta CGIM atá curtha chun feidhme cheana, agus a bheidh ina gceangal ar an Aontas, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena leasaítear an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagal 140, i ndáil leis an méid seo a leanas:

(1) faisnéis a sholáthar faoi Airteagal 120(4) do Rúnaíocht CGIM;

(2) na socruithe a bhaineann le liosta na soithí údaraithe atá le tarchur chuig Rúnaíocht CGIM faoi Airteagail 9, 10, 15, 24, 34, 47, 61, 70, 74e, 75c, 78(3), 86, 96c, 106b, 106d(1), 116 agus 122, agus na sonraí atá le háireamh faoi Iarscríbhinní VIII, XIX agus XXIII;

(3) cur chun feidhme CDS buan i ndáil le coiréalach dearg faoi Airteagal 55 agus Iarscríbhinn X;

(4) bearta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt a leagtar amach in Airteagail 123 go 127;

(5) tábla, léarscáil agus comhordanáidí geografacha FLGanna mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I iad;

(6) nósanna imeachta cigireachta arna ndéanamh ag stát an chalafoirt maidir le soithí, a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(7) na maitrísí staidrimh CGIM a leagtar amach in Iarscríbhinn III; agus

(8) tagairtí do ghníomhartha idirnáisiúnta a leagtar amach in Airteagal 3(10), Airteagal 12a, Airteagal 120(2), agus Airteagal 120e(3);

(9) faisnéis maidir le hamharc soithí in Iarscríbhinn VII;

(10) bearta a bhaineann leis an turbard

mar a leagtar amach in Airteagail 90 go 94a.";

Or. en

Réasúnú

Leis an Rialachán seo, cuirtear isteach roinnt forálacha agus iarscríbhinní ina bhfuil socruithe maidir le liostaí soithí údaraithe a tharchur, agus ba cheart na forálacha agus na hiarscríbhinní sin a chur le hAirteagal 139. D'fhéadfaí moltaí CGIM dá dtagraítear sa téacs a athrú amach anseo. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann na tagairtí sin a ailíniú leis na moltaí atá cothrom le dáta.

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 65
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 139 – mír 1 – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Cur chun feidhme teimpléid nua le haghaidh na n-amharc faoi Airteagal 130a agus Iarscríbhinn VII;	***scriosta***

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 65
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Airteagal 139 – mír 1 – pointe 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) bearta a bhaineann leis an turbard mar a leagtar amach in Airteagail 90 go 94a.";	***scriosta***

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 66 a (nua)
Rialachán (AE) 2023/2124
Airteagal 140

An téacs atá ann	*Leasú*
	(66a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 140:
Airteagal 140	"Airteagal 140
An tarmligean a fheidhmiú	An tarmligean a fheidhmiú
1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.	1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 41, 42 agus 139 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 3 bliana amhail ón 1 Samhain 2023. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5-bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagail 41, 42***, 106d*** agus 139 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse 3 bliana amhail ón 1 Samhain 2023. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse trí bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 41, 42 agus 139 chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní bheidh éifeacht aige ar bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.	3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 41, 42***, 106d*** agus 139 a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní bheidh éifeacht aige ar bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.
4. Sula nglacfaidh sé gníomh	4. Sula nglacfaidh sé gníomh

tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.	tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.
5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.	5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
6. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagal 41,42 agus 139 den Rialachán seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá a thugtar fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.	6. Tiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlacfar de bhun Airteagail 41,42, ***106d*** agus 139 den Rialachán seo i bhfeidhm ach amháin má dhéanann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid ina choinne laistigh de thréimhse 2 mhí ón lá a thugtar fógra do Pharlaimint na hEorpa nó don Chomhairle faoin ngníomh sin nó, sula dtéann an tréimhse sin in éag, má tá sé curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle araon don Choimisiún nach ndéanfaidh siad agóid ina choinne. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.”

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Réasúnú

Tugtar isteach le hAirteagal 106d cumhachtú nua don Choimisiún chun Rialachán 2023/2124 a fhorlíonadh. Ba cheart an tAirteagal seo a chur san áireamh san airteagal maidir le feidhmiú an tarmligin.

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 68

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(68) Cuirtear Iarscríbhinní XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII agus XXIII isteach mar a leagtar amach i bpointe (2) den	(68) Cuirtear Iarscríbhinní XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII, XXIII ***agus XXIV*** isteach mar a leagtar amach i bpointe (2)

Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.	den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní VII, VIII agus XI:	(1) Cuirfear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinní VII, VIII***, X*** agus XI:

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
BILEOG FAISNÉISE AMHAIRC	***TUARASCÁIL*** AMHAIRC

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún		*Leasú*	
2. Suíomh an tsoithigh a amharcadh:		2. Suíomh an tsoithigh a amharcadh:	
Domhanleithead	Domhanfhad	Domhanleithead	Domhanfhad
		Limistéar iascaireachta, folimistéar	

geografach, roinn:

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Uimhir Chlárúcháin:	8. Uimhir chlárúcháin ***náisiúnta***:

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. uimhir chlár cabhlaigh CGIM:	9. Uimhir ***chlárúcháin an tsoithigh***

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. Fad foriomlán measta agus olltonnáiste:	11. ***Tuairisc ar an soitheach***
	Fad foriomlán measta agus olltonnáiste:
m	m
GT	GT
	Leithead measta:
	Barúlacha eile:
	Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
13. Náisiúntacht an chaptaein:	***scriosta***
Oifigeach:	
Criú:	
	Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
14. Cineál gníomhaíochtaí an tsoithigh a amharcadh (tabhair tuairisc):	14. Cineál gníomhaíochtaí an tsoithigh a amharcadh (tabhair tuairisc): ***Dáta:*** ***An t-am:*** ***Gníomhaíocht:*** ***Treo:*** ***Seasamh:*** ***Ar measadh go raibh an soitheach ag saothrú éisc in uiscí muirí faoi dhlínse náisiúnta stáit chósta i limistéar chur i bhfeidhm CGIM gan cead a fháil ón stát sin nó de shárú ar a dhlíthe agus a rialacháin? [] Measadh [] Níor measadh*** ***Ar measadh go ndearna an soitheach gníomhaíochtaí iascaireachta le linn tréimhsí coiscthe iascaireachta nó i limistéir choiscthe? [] Measadh [] Níor measadh*** ***Ar measadh go ndearna an soitheach gníomhaíochtaí trasloingsithe ar muir? [] Measadh [] Níor measadh*** ***Ar measadh go raibh an soitheach ag iascaireacht gan náisiúntacht? [] Measadh [] Níor measadh*** ***An raibh toimhde ann go ndearna an soitheach gníomhaíochtaí iascaireachta gan uimhir aitheantais soithigh leordhóthanach nó le linn dó a mharcálacha seachtracha a cheilt? [] Bhí [] Ní raibh*** ***Ar measadh go raibh an soiteach ag gabháil d'iascaireacht nó do ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an iascaireacht, de shárú ar aon bheart caomhnúcháin CGIM eile. [] Measadh [] Níor measadh***

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
16. ***Tuairisc ar an soitheach agus an trealamh iascaireachta a sainaithníodh:***	16. ***An ndearnadh teagmháil raidió leis an soitheach [] Rinneadh [] Ní dhearnadh*** ***Achoimre ar an gcomhrá leis an soitheach:***

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
18. Liosta de na doiciméid i gceangal (amhail grianghraif etc.):	18. Liosta de na doiciméid atá i gceangal leis seo (amhail grianghraif, ***tuarascálacha ábhartha arna ndréachtú ag údaráis inniúla*** etc.):

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VII – ró 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
19. Is é an duine seo a leanas a bhailigh an fhaisnéis thuas:	19. Is é an duine seo a leanas a bhailigh an fhaisnéis thuas:
Ainm:	Ainm:
Teideal:	Teideal:
Modh amhairc (lena n-áirítear ainm agus suíomh an tsoithigh/aerárthaigh, i gcás inarb iomchuí):	Modhanna amhairc (lena n-áirítear ainm agus suíomh an tsoithigh/an aerárthaigh, ***ainm agus suíomh an ionaid faireacháin iascaigh (LFI),*** i gcás inarb iomchuí):
Dáta: (lá) (mí) (bliain)	Dáta: (lá) (mí) (bliain)
Síniú:	Síniú:

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VIII – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
An liosta dá dtagraítear in Airteagail 15, 24, [Ní dhéantar foráil do liosta leis an airteagal sin. Le seiceáil, le haghaidh gach airteagail dá dtagraítear.], 34, 47, 61, 70, 74, 75c, 78 96c agus 116, i dtaca le gach soitheach, beidh an fhaisnéis seo a leanas ann:	Beidh an fhaisnéis seo a leanas, i dtaca le gach soitheach, sa liosta dá dtagraítear in Airteagail 15, 24, 34, 47, 61, 70, 74, 75c, 78, 96c ***, 110a*** agus116:

Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VIII – fleasc 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
– Príomhspeicis a bhfuiltear ag díriú orthu	– Príomh-spriocspeicis ***(más infheidhme)***

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn VIII – fleasc 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
– Calafort ainmnithe	– Calafort ainmnithe ***(más infheidhme)***

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn X

An téacs atá ann

[…]

Leasú

IARSCRÍBHINN X

Deimhniú saothraithe do scéim doiciméadaithe CGIM um ghabháil coiréalach dearg

DEIMHNIÚ SAOTHRAITHE LE hAGHAIDH SCÉIM DOICIMÉADAITHE CGIM UM GHABHÁIL COIRÉALACH DEARG			
Uimhir an doiciméid	*Údarás bailíochtúcháin*		
1. Ainm:	*Seoladh:*	*Teil.* *Facs*	
2. Ainm an tsoithigh iascaireachta	*Bratach - Calafort baile & uimhir chlárúcháin*	*Comhartha aitheantais raidió*	*Uimhir IMO/Lloyd's (i gcás ina n-eiseofar í)*
Uimhir an cheadúnais iascaireachta – bailí go dtí (dáta)	*Inmarsat N, Uimh. Facs, Uimh. Theileafóin, Seoladh Ríomhphoist (má eisítear é)*		
Calafort nó calafoirt tabhairt i dtír	*Dáta tabhairt i dtír* *Ón …….. go dtí…….*		

3. Tuairisc ar an táirge					
Limistéar an tsaothraithe		*Dáta an tsaothraithe*	*Glanmheáchan onnmhairiúcháin (kg)*	*Beomheáchan comhfhreagrach (kg)*	*Meáchan tuirlingthe comhfhreagrach (kg)*
A.					
B.					
C.					
D.					
E.					
4. Ainm mháistir an tsoithigh iascaireachta – *Síniú:…….. Séala:*					
5. Ainm agus seoladh an onnmhaireora, más infheidhme:		*Síniú*	*Dáta:*	*Séala*	
6. Bailíochtú údarás an stáit brataí:					
Ainm/Teideal		*Síniú*	*Dáta*	*Séala (stampa)*	
7. Sonraí iompair, más infheidhme					
Tír/calafort/aerfort onnmhairiúcháin, eile *Áit imeachta*		*Modh aitheantóirí iompair (long, eitilt, trucail, etc.)*			

8. Dearbhú an allmhaireora, más infheidhme

Ainm agus seoladh an allmhaireora	*Síniú*	*Dáta*	*Séala*	*Cód CN táirge*
(*) Cuir tic mar is iomchuí				

DEIMHNIÚ ATH-ONNMHAIRIÚCHÁIN, más infheidhme			
Uimhir an deimhnithe	*Dáta*	*Ballstát*	
1. Tuairisc ar an táirge arna ath-onnmhairiú		*Meáchan (kg)*	
Speicis	*Cód táirge*	*Difríocht ón gcainníocht iomlán atá dearbhaithe sa deimhniú saothraithe*	
2. Ainm an ath-onnmhaireora	*Seoladh*	*Síniú*	*Dáta*
3. Údarás			
Ainm/Teideal	*Síniú*	*Dáta*	*Séala/Stampa*
4. Rialú ar athonnmhairiú			
Áit	*Ath-onnmhairiú údaraithe(*)*	*Fíorú iarrtha (*)*	*Uimhir dhearbhú an athonnmhairithe agus dáta*
(*) Cuir tic mar is iomchuí			

Or. en

(https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32023R2124)

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 1
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn I – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

A. Limistéar srianta iascaigh i Murascaill an Leoin

Limistéar srianta iascaigh i Murascaill an Leoin oirthearach, atá crioslaithe le línte lena gceanglaítear na comhordanáidí geografacha seo a leanas faoi seach:
Limistéar (1):

— 43°00’ T, 4°49,35’ O

— 43°00’ T, 4°53,7’ O

— ***42°55,896’ T, 4°53,7’ O***

— ***42°55,896’ T, 4°49,35’ O***

Limistéar (2):

— ***42° 40' T, 4° 20' O***

— ***42° 40' T, 5° 00' O***

— ***43° 00' T, 4° 20' O***

— ***43° 00' T, 5° 00' O.***

Leasú

A. Limistéar srianta iascaigh i Murascaill an Leoin ***(folimistéar geografach 7)***

Pointe	***Domhanfhad***	***Domhanleithead***
1	***43°00'T***	***4°49,35’ O***
2	***43°00'T***	***4°53,7’O***
3	***42°55,896’ T***	***4°53,7’O***
4	***42°55,896’ T***	***4°49,35’ O***

Limistéar B		
Pointe	***Domhanfhad***	***Domhanleithead***
1	***42°40’ T***	***4°20’ O***
2	***42°40’ T***	***5°00’ O***
3	***43°00'T***	***4°20’ O***
4	***43°00'T***	***5°00’ O***

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) cuirtear na hIarscríbhinní XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII agus XXIII seo a leanas isteach:	(2) cuirtear na hIarscríbhinní XVII, XVIII, XIX, XX, XXI, XXII***, XXIV agus XXV*** seo a leanas isteach:

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn XIX – fleasc 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
– An spriocspeiceas	– Spriocs***peicis***

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn XX – ró 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Uimhir aitheantais chlárúcháin más difriúil le 5	6. Uimhir aitheantais chlárúcháin má tá sé éagsúil ***leis an uimhir aitheantais sheachtrach***

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn XXIV (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	IARSCRÍBHINN XXIV (nua)
	Deimhniú um ghabháil le haghaidh scéim doiciméadaithe CGIM um ghabháil turbard

<table>
<tr><td colspan="4">DEIMHNIÚ UM GHABHÁIL LE hAGHAIDH SCÉIM DOICIMÉADÚCHÁITHE CGIM UM GHABHÁIL TURBARD</td></tr>
<tr><td colspan="2">Uimhir an doiciméid um ghabháil</td><td colspan="2">Údarás bailíochtúcháin</td></tr>
<tr><td colspan="2">1. Ainm mháistir an tsoithigh iascaireachta</td><td colspan="2">Seoladh
Teil/facs/ríomhphost</td></tr>
<tr><td colspan="4">Síniú agus stampa mháistir an tsoithigh iascaireachta</td></tr>
<tr><td colspan="2" rowspan="2">2. Ainm agus uimh. chlárúcháin an tsoithigh</td><td>Calafort na brataí agus baile</td><td>Comhartha aitheantais/IMO (i gcás inarb infheidhme)</td></tr>
<tr><td colspan="2">Inmarsat/facs/uimhir theileafóin/ríomhphost</td></tr>
<tr><td colspan="4">3. An calafort</td></tr>
<tr><td colspan="2"></td><td>An calafort imeachta agus an tír</td><td>An calafort ina ndéantar an ghabháil a thabhairt i dtír agus an tír</td></tr>
<tr><td colspan="2">4. Máistir an tsoithigh iascaireachta</td><td colspan="2">Ainm
Seoladh
Teil/facs/ríomhphost</td></tr>
<tr><td colspan="2">Uimhir an cheadúnais iascaireachta – bailí go dtí an (dáta)</td><td>Uimhir údaraithe iascaireachta turbard – bailí go dtí an (dáta)</td><td>Síniú an tsealbhóra</td></tr>
<tr><td>5. Limistéar na gabhála (comhordanáidí domhanfhaid, domhanleithid)</td><td>Dáta gabhála</td><td>Beomheáchan measta (kg)</td><td>Meáchan tuirlingthe fíoraithe (kg)</td></tr>
<tr><td>a.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>b.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
<tr><td>c.</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn I – pointe 2
Rialachán (AE) Uimh. 2023/2124
Iarscríbhinn XXV (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

IARSCRÍBHINN XXV (nua)

Athróga sonraí atá le cur faoi bhráid Rúnaíocht CGIM de réir na treorach ó SAC agus i gcomhréir le lámhleabhar an Chreata Tagartha maidir le Bailiú Sonraí (DCRF), lena n-áirítear sainmhínithe allamuigh

RÉIMSÍ SONRAÍ	***ÉIGEANTACH (X)***	***STÁDAS RÚNDACHTA SONRAÍ****
Tír	***X***	***P***
Bliain tagartha	***X***	***P***
Tréimhse iascaireachta	***X***	***P***
Folimistéar geografach (FLG)	***X***	***P***
Tabhairt i dtír iomlán	***X***	***P***
Líon na soithí	***X***	***P***
Iomlán olltonnáiste na soithí		***P***
Raon faid na soithí (m)		***P***
Meánfhad na soithí (m)		***P***
Líon iomlán FADanna de réir cineáil	***X***	***S***
Líon iomlán na dturas iascaireachta de réir cineáil	***X***	***S***

An líon FADanna a spriocdhírítear orthu in aghaidh an turais iascaireachta, de réir cineáil	***X***	***S***
Líon na FADanna ar tugadh cuairt orthu in aghaidh turas iascaireachta, de réir cineáil	***X***	***S***
Meánmhéid na n-iasc a ghabhtar le linn an tséasúir iascaireachta		***S***
Córas um bailiú agus próiseáil na gabhála agus sonrai iarrachta		***S***
Trasloingsiú		***S***

I gcomhréir le beartas agus nósanna imeachta rúndachta sonraí CGIM, sainaithnítear leis an 'stádas rúndachta sonraí' na critéir ar leibhéal rochtana ar mhaithe le scaipeadh sonraí: poiblí (P), leathphríobháideach (S) nó príobháideach (R).

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Aithníonn an Rapóirtéir na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún laistigh de CGIM chun cothrom iomaíochta a bhaint amach sa Mheánmhuir. Chuidigh na hiarrachtaí sin le cultúr comhlíontachta níos fearr a chothú i measc na bpáirtithe conarthacha uile. Ina theannta sin, molann an Rapóirtéir ról feabhsaithe EFCA maidir le gníomhaíochtaí rialaithe agus cigireachta na mBallstát a chomhordú ar bhonn cláir idirnáisiúnta rialaithe agus cigireachta. Mar sin féin, cuireann an Rapóirtéir i bhfios go láidir gurb é tiomantas chabhlach an Aontais a iarracht iascaireachta a laghdú is cúis, den chuid is mó, le haon dul chun cinn a rinneadh maidir le ró-iascaireacht sa Mheánmhuir a laghdú. Mar thoradh ar theacht chun cinn tíortha ón Afraic Thuaidh agus ón Neasoirthear i saothrú iascaigh chomhroinnte, tá éifeachtaí éiceolaíocha agus socheacnamaíocha ann nach léirítear sách maith i gcinntí CGIM. I dtuairim an Rapóirtéara, ba cheart gurb é CGIM an ionstraim chun leasanna iascaigh na hEorpa sa Mheánmhuir a choimirciú.

Le fiche bliain anuas, tá laghdú tagtha ar mhéid an chabhlaigh agus ar an iarracht iascaireachta san earnáil iascaireachta Eora-Mheánmhara, rud a fhágann gur lú na deiseanna fostaíochta atá ann. Mar thoradh ar bheartais laghdaithe díchill, tá laghdú suntasach tagtha ar mhéid agus ar luach na táirgeachta ar fud na n-earnálacha uile. Ina theannta sin, chuir roinnt tosca leis an treocht dhiúltach sin in earnáil iascaireachta na hEorpa, lena n-áirítear dúshláin eacnamaíocha (amhail costais fuinnimh atá ag ardú agus tionchair COVID-19), saincheisteanna sóisialta (amhail deacrachtaí oibrithe oilte a aimsiú), agus tosca éiceolaíocha (lena n-áirítear iarracht iascaireachta mhéadaithe ó thíortha Meánmhara nach bhfuil san Aontas, an t-athrú aeráide, agus speicis choimhthíocha ionracha a bheith ann).

Sa chomhthéacs sin, ba cheart do CGIM dlús a chur lena iarrachtaí earnáil iascaireachta na hEorpa a chosaint, agus aird ar leith á tabhairt ar fhostaíocht agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe beo-acmhainní muirí á n-áirithiú ag an am céanna. Creideann an Rapóirtéir nach mór na moltaí a thrasuí go docht i ndlí AE agus is oth leis gur mhol an Coimisiún roinnt leasuithe a théann thar raon feidhme mholadh CGIM, lena bhforchuirtear srianta breise ar Bhallstáit nach mbeidh feidhm acu maidir le páirtithe conarthacha eile CGIM (e.g. an Albáin agus Montainéagró). Seachas dochar a dhéanamh do chlú an Aontais mar cheannaire san inbhuanaitheacht ar an leibhéal domhanda, cruthaíonn sé éiginnteacht dhlíthiúil shuntasach freisin d'oibreoirí an Aontais sa Mheánmhuir. Ní mór don Choimisiún trédhearcacht iomlán a áirithiú ina chaibidlíocht agus, go háirithe, cothrom iomaíochta a áirithiú idir oibreoirí an Aontais agus páirtithe conarthacha eile CGIM.

Ina theannta sin, cuireann an Rapóirtéir a díomá in iúl maidir le huireasa cinntí a rinne CGIM in 2023 ón togra. Cé gur mór aici tacaíocht neamhfhoirmiúil an Choimisiúin chun aghaidh a thabhairt ar an ábhar seo, b'fhearr léi go mbeifí tar éis na moltaí sin a chur san áireamh i dtogra tosaigh an Choimisiúin. Is cúis imní don Rapóirtéir freisin go bhfuil an Coimisiún ag moladh moltaí CGIM a théann siar go 2021 agus 2022 a chur chun feidhme, rud a chiallaíonn nach bhfuil a oibleagáidí idirnáisiúnta á gcomhlíonadh ag an Aontas le beagnach ceithre bliana anuas. Chun ailíniú leis na cinntí is déanaí ó CGIM a áirithiú, chinn an Rapóirtéir moltaí 2023 a áireamh ina leasuithe, ag tabhairt dá haire go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun creidiúnacht an Aontais a choinneáil ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Dá bhrí sin, áitíonn an Rapóirtéir go láidir ar an gCoimisiún aon togra amach anseo a thíolacadh chun moltaí ó eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) a thrasuí laistigh de shé mhí ar a mhéad ó dháta a nglactha ag ERBI. Go háirithe, níl 6 mhí istigh go fóill ó bhí seisiún deireanach CGIM ann i mí na Samhna 2024. Ní mór don Choimisiún leanúint ar aghaidh ar a bhealach chun trédhearcacht iomlán a áirithiú agus a sheasaimh á roinnt aige maidir le caibidlíocht laistigh de CGIM. Tá an Rapóirtéir ag tnúth leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh mholtaí 2024 a fháil, tar éis scrúdú dlíthiúil a dhéanamh orthu.

IARSCRÍBHINN: NA hEINTITIS NÓ NA DAOINE ÓNA bhFUAIR AN RAPÓIRTÉIR IONCHUR

De bhun Airteagal 8 d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis na Rialacha Nós Imeachta, dearbhaíonn an rapóirtéir go bhfuair sí ionchur ó na heintitis nó na daoine seo a leanas le linn ullmhú na dréacht-tuarascála:

Eintiteas agus/nó duine
Buanionadaíocht na Cróite chuig an Aontas Eorpach
Aireacht Talmhaíochta Phoblacht na Cróite

Is faoi fhreagracht eisiach an rapóirtéara a dhéantar an liosta thuas a tharraingt suas.

I gcás ina sainaithnítear daoine nádúrtha ar an liosta de réir ainm, feidhme nó an dá cheann, dearbhaíonn an rapóirtéir go ndearna sí Fógra Cosanta Sonraí Pharlaimint na hEorpa Uimh. 484 (https://www.europarl.europa.eu/data-protect/index.do), a chur faoi bhráid na ndaoine nádúrtha lena mbaineann, ar fógra é lena sainmhínítear na coinníollacha is infheidhme maidir le próiseáil a sonraí pearsanta agus na cearta a bhaineann leis an bpróiseáil sin.